CREATIVE IRELAND

CORK COUNTY

CONTAE CHORCAÍ

ÉIRE ILDÁNACH

Culture and Creativity Plan 2017

Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme
2017–2022

Creative Ireland County Cork
Contae Corcaí Éire Ildánach

Contents
ÁBHAR

Introduction	4	Réamhrá
The Creative Ireland Programme	8	An Clár Éire Ildánach
The Creative Ireland Team in County Cork	12	An foireann Éire Ildánach Chontae Chorcaí
Implementation	14	Cur i bhfeidhm
Projects for 2017	19	Tionscadail le haghaidh 2017
Promotional Events 2017	31	Imeachtaí Poiblíochta 2017

Cork County Council
Comhairle Contae Chorcaí

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

Foreword
RÉAMHRÁ

The Centenary Commemoration of 1916 was a great success, both in County Cork and across Ireland. In response to the heightened sense of shared identity that was established in 2016, and in respect of the breadth of community activity and engagement observed, the Government has embarked on an insightful legacy project that sets out to harness the country's culture, arts and heritage over the next five years with the purpose of ensuring 'that Ireland offers a meaningful, value driven quality of life'.

The Easter Rising has been described as a revolution of Poets and Painters. As the legacy project of the 1916 centenary, Creative Ireland places artist, individual and community creativity at its centre. Cork County Council values culture in all its forms and warmly welcomes the Creative Ireland Initiative, which will be of key importance for fostering and supporting creativity and cultural expression among our artists and in our communities, as well as in the development and growth of cultural services and activities within the County.

In keeping with the overarching aims of Creative Ireland, Cork County Council is developing a detailed five-year Culture plan. This is prefaced by the current document – a Culture and Creativity Plan for 2017 - which outlines various cultural initiatives, programmes and events that will be delivered/promoted this year.

D'éirigh go han-mhaith le Comóradh Céad Bliain 1916 i gContae Chorcaí agus ar fud na hÉireann araon. Mar thoradh ar an meon méadaithe féiniúlachta comhroinnte a cruthaíodh sa bhliain 2016, agus i bhfianaise fhairsinge na gníomhaíochta agus an rannpháirteachais pobail a bhí ann, tá an Rialtas tar éis tionscadal léirsteanach oidhreachta a thionscnamh agus é mar aidhm aige leas a bhaint as cultúr, ealaíona agus oidhreacht na tíre sna cúig bliana atá romhainn d'fhonn a chinntiú go bhfuil caighdeán fónta maireachtála ann in Éirinn agus é bunaithe ar luachanna.

Tá sé ráite i leith Éirí Amach na Cásca gur réabhlóid ag Filí agus ag Péintéirí a bhí ann. Ós rud é gur tionscadal é a eascraíonn le hoidhreacht ó chomóradh céad bliain 1916, tá ealaíontóirí, daoine aonair agus cruthaitheacht phobail i gcroílár Éire Ildánach. Tá ardmheas ag Comhairle Chontae Chorcaí ar an gcultúr de gach uile chineál agus cuireann sí fáilte ó chroí roimh Thionscnamh Éire Ildánach ag a mbeidh tábhacht mhór i ndáil le cruthaitheacht agus léiriú cultúir a chothú imeasc ár gcuid ealaíontóirí agus inár gcuid pobal, agus i ndáil le tacú leo gníomhaíocht den chineál sin a chur i gcrích, chomh maith le tábhacht a bheith aige i ndáil le forbairt agus fás seirbhísí agus gníomhaíochtaí cultúir sa Chontae.

I gcomhréir le haidhmeanna foriomlána Éire Ildánach, tá plean mionsonraithe cúig bliana Cultúir á fhorbairt ag Comhairle Chontae Chorcaí. Tá an doiciméad seo - Plean Cultúir agus Cruthaitheachta don bhliain 2017 - mar a bheadh brollach ann i leith an phlean cúig bliana sin agus leagtar amach ann na tionscnaimh, na cláir agus na himeachtaí éagsúla a bheidh ann/a chuirfear chun cinn i mbliana.

Cork County Council recognises that culture is a multifaceted area. Culture is continuously evolving and combining in a complex manner: contemporary meaning, creative expression and communication, with the historic cultural inheritance and heritage of previous generations. Cork County Council values and promotes contemporary artistic and cultural production as it does cultural heritage; understanding that culture is essentially the manifestation of all humanity's endeavours – deserving of preservation and promotion.

Cultural preservation and creative activity within County Cork is already faring well – evidenced by the hundreds of artists, writers, makers, organisations, community groups and heritage societies involved in a wide range of activities such as festivals, performances, exhibitions, productions, heritage events and commemorations; as well as other organisations such as Film in Cork, supporting the importance of media within the County. The County's Library network has continuously been a wonderful resource and platform for the County's groups, fully committed to promoting a love of literature and literary creativity. Cork County Council's Arts Office and Heritage Office also play a valuable role, offering a range of different cultural services and across Cork County Council, creativity and culture is a key attribute - ranging from Irish Office Cultural Projects, Age-Friendly Services and Tourism Office projects for the culturally curious visitor, to, Creative School Projects by the Environment Directorate and a suite of creative

Aithníonn Comhairle Chontae Chorcaí gur réimse ilghnéitheach é an cultúr. Bíonn an cultúr ag athrú de shíor agus bíonn cumasc ar siúl ann ar bhealach casta: brí chomhaimseartha, léiriú cruthaitheach agus cur in iúl, mar aon le hoidhreacht an chultúir stairiúil agus oidhreacht na nglúnta a bhí ann romhainn. Tá ardmheas ag Comhairle Chontae Chorcaí ar léiriúchán comhaimseartha ealaíne agus cultúir, agus cuireann sí an léiriúchán sin chun cinn, díreach mar a dhéanann sí i dtaca le hoidhreacht chultúir; tá tuiscint ann gurb ionann an cultúr, go bunúsach, agus léiriú ar shaothar uile an duine - rud a thuilleann caomhnú agus cur chun cinn.

Tá caomhnú cultúir agus gníomhaíocht chruthaitheach ag déanamh go maith i gContae Chorcaí cheana féin - tá fianaise le fáil air sin sna céadta ealaíontóir, scríbhneoir, déantóir, eagraíocht, grúpa pobail agus cumann oidhreachta atá páirteach i raon leathan gníomhaíochtaí amhail féilte, taibhiúcháin, taispeántais, léiriúcháin, imeachtaí oidhreachta agus cuimhneacháin; agus, chomh maith leis sin, eagraíochtaí eile a thacaíonn le tábhacht na meán sa Chontae, amhail Film in Cork. Tá líonra leabharlann an Chontae ina acmhainn iontach, agus ina ardán, go leanúnach do ghrúpaí an Chontae agus é tiomanta i leith grá don litríocht agus don chruthaitheacht liteartha a chur chun cinn. Tá ról tábhachtach ag Oifig Ealaíon agus ag Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Chorcaí freisin sa mhéid go dtairgeann siad raon seirbhísí cultúir éagsúla agus is rud tábhachtach é cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta ar fud Chomhairle Chontae Chorcaí - Tionscadail Chultúir de chuid na hOifige Gaeilge, Seirbhísí Aoisbháúla agus tionscadail de chuid na hOifige Turasóireachta do chuairteoirí a bhfuil spéis acu i gcúrsaí cultúir, mar aon le Tionscadail Chruthaitheacha do Scoileanna a eagraíonn an Stiúrthóireacht Timpeallachta agus sraith tionscadal cruthaitheach a fhaigheann

projects supported and promoted by the Local Enterprise Offices. Suffice it to say, Cork County Council embraces the county's culture and those individuals, groups and communities who all play their part. These people, in each and every community it is hoped, will be at the fore in the delivery of the Creative Ireland Programme in County Cork.

In order to discern how the Creative Ireland Programme will relate to County Cork, it is worth focusing on what makes it such a unique place. Occupying one tenth of the country at close to 7,500 square kilometres and having a population of over 417,000 people; the potential for cultural depth and uniqueness is immense. With incredible built, natural, archaeological, cultural and maritime heritage as well as two Gaeltacht areas (Múscraí and Oileán Chléire), there is no shortage of cultural inspiration. Indeed, regarding the County of Cork, the history books can provide countless examples of some of Ireland's most notable events and people, having over the many years inspired waves of artistic creativity; this rich artistic heritage which can be seen in poems such as Mo Ghile Mear by Seán Clárach Mac Domhnaill, or the Caoineadh Airt Uí Laoghaire by Eibhlín Dubh Ní Chonaill. In the twentieth century, the County can lay claim to many important artists such as Seán Ó Ríada; Capt. Francis O'Neill, Elizabeth Bowen, Seán Ó Riordáin, William Trevor and Séamus Murphy. Today the County is home to a host of significant artists, musicians, writers, filmmakers and many others involved in creativity.

tacaíocht ó na hOifigí Fiontair Áitiúil agus a chuireann na hOifigí sin chun cinn. Is leor a rá gur mór ag Comhairle Chontae Chorcaí cultúr an chontae agus na daoine aonair, agus na grúpaí agus na pobail, a bhfuil ról acu ann. Táthar ag súil go mbeidh na daoine sin, as gach uile phobal, ar thús cadhnaíochta le linn Clár Éire Ildánach a chur i gcrích i gContae Chorcaí.

Chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh conas a bhainfidh Clár Éire Ildánach le Contae Chorcaí, is fiú machnamh a dhéanamh ar na nithe a fhágann gur áit chomh huathúil sin é. Tá achar beagnach 7,500 ciliméadar cearnach ann, is é sin, an deichiú chuid d'achar iomlán na tíre, agus tá os cionn 417,000 duine ann sa daonra; tá acmhainn ollmhór ann a mhéid a bhaineann le fairsinge agus uathúlacht chultúir. Ós rud é go bhfuil oidhreacht den scoth fhoirgnithe, nádúrtha, seandálaíochta, chultúir agus mhuirí ann, chomh maith le dhá cheantar Gaeltachta (Múscraí agus Oileán Chléire), níl aon ghanntanas inspioráide ann. Le fírinne, i dtaca le Contae Chorcaí de, soláthraíonn leabhair staire líon as cuimse samplaí de roinnt de na teagmhais agus de na daoine is iomráití de chuid na hÉireann, ar nithe iad a thug inspioráid i leith cruthaitheacht ealaíonta thar na blianta; tá an oidhreacht shaibhir sin le braith i ndánta amhail Mo Ghile Mear le Seán Clárach Mac Domhnaill nó Caoineadh Airt Uí Laoghaire le hEibhlín Dubh Ní Chonaill. Maidir leis an bhfichiú haois, is féidir leis an gContae maíomh as cuid mhór ealaíontóirí tábhachtacha amhail Seán Ó Riada; an Captaen Francis O'Neill, Elizabeth Bowen, Seán Ó Ríordáin, William Trevor agus Séamus Murphy. Sa lá atá inniu ann, tá cónaí sa Chontae ar líon mór ealaíontóirí, ceoltóirí, scríbhneoirí, déantóirí scannán agus daoine eile atá bainteach le réimse na cruthaitheachta.

The Creative Ireland Programme in County Cork will see artists and communities take the lead on cultural projects and events, ranging from community arts engagement processes, commemorations of Irish History, musical performances, cultural walks and tours; to those that highlight the expansive culture of County Cork as a whole, including heritage and folklore. It is envisaged that such undertakings will be creative in nature and fully inclusive, inspired by the wonderful culture that surrounds and connects us all in the County of Cork.

The Creative Ireland Programme is a project with the potential to have tremendous benefit for the County of Cork and one very much to look forward to.

Cllr. Séamus McGrath,
Mayor of the County of Cork

Tim Lucey,
Chief Executive,
Cork County Council

Trí Chlár Éire Ildánach i gContae Chorcaí, beidh ról ceannais ag ealaíontóirí agus ag pobail i ndáil le tionscadail agus imeachtaí cultúir, ina n-áireofar próisis maidir le rannpháirtíocht phobail sna healaíona, cuimhneacháin ar Stair na hÉireann, taibhiúcháin cheoil, siúlóidí cultúir agus turais chultúir; chomh maith le tionscadail agus imeachtaí a thugann suntas do chultúr forleathan Chontae Chorcaí ina iomláine, lena n-áirítear cúrsaí oidhreachta agus béaloidis. Samhlaítear gur tionscadail agus imeachtaí de chineál cruthaitheach a bheidh ann, agus iad uilechuimsitheach go hiomlán, agus inspioráid a bheith faighte ina leith ón gcultúr iontach atá thart orainn go léir sa Chontae agus a nascann gach duine dínn le chéile.

Is tionscadal é Clár Éire Ildánach a bhféadfadh tairbhe mhór a bheith aige do Chontae Chorcaí agus is tionscadal é ar féidir a bheith ag tnúth go mór leis.

An Comhairleoir Séamus McGrath,
Méara Chontae Chorcaí

Tim Lucey, Príomh-fheidhmeannach,
Comhairle Chontae Chorcaí

The Creative Ireland Programme
CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

Creative Ireland is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025– Éire Ildánach, which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Is é Clár Éire Ildánach an tionscnamh de chuid an Rialtais a eascraíonn le hoidhreacht ó Éire 2016. Tionscnamh cúig bliana atá ann, ó 2017-2022, trína gcuirtear an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. Tionscnamh ardleibhéil, ardaidhme uile-rialtais atá ann d'fhonn an chruthaitheacht a chur ina gnáthchuid de shaol an náisiúin ionas gur féidir linn ar fad, asainn féin agus i gcomhar lena chéile, an acmhainn chruthaitheachta atá ionainn a thabhairt in inmhe agus chun foirfeachta sa saol pearsanta agus i bhforais éagsúla na tíre.

Tionscnamh atá i gClár Éire Ildánach atá bunaithe ar an gcultúr agus atá leagtha amach le folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is é an bunsmaoineamh go mbíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir ina shiocair leis an gcruthaitheacht phearsanta agus le cruthaitheacht an chomhair agus go dtagann torthaí suntasacha dá bharr sin maidir le folláine an duine agus an phobail agus lena gcuireann an duine agus an pobal i gcrích.

Ina theannta sin, is é Clár Éire Ildánach an príomhchóras trína gcuirfear i bhfeidhm na tosaíochtaí a leagtar amach i ndoiciméad polasaí an Rialtais dar teideal Cultúr 2025 - Éire Ildánach, ina luaitear gur gné bhunúsach de Stát na hÉireann na healaíona agus an cultúr agus ina n-admhaítear gur gá teacht a bheith níos furasta ar ghnéithe de na healaíona, rannpháirtíocht sna healaíona a bheith níos coitianta, borradh a chur faoi thionscail na cruthaitheachta agus an oidhreacht a chaomhnú, le béim faoi leith ar an teanga, ar an tírdhreach agus ar an timpeallacht.

Tá an clár bunaithe ar théamaí an aitheantais, an chultúir agus na saoránachta. Is iad na prionsabail lárnacha oibriúcháin atá ann ná an Comhar agus an Chumarsáid, Cumasú an Phobail, agus Idirnáisiúnú.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916.

This Plan sets out the beginning of County Cork's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing and Cork County Council will support and promote widespread active participation in the cultural life of our communities, that, as stated by Minister Heather Humphreys, T.D., lies at 'the heart of Creative Ireland'.

In the County of Cork, 2016 showed how truly inspiring communities can be with regard to historically based cultural creativity. Valuing these community groups, and their ingenuity, through the Creative Ireland Programme, has the continued potential to enhance collective well-being and quality of life. Cork County Council recognises the wealth and diversity of the county with respect to its culture (both Irish and multinational), and this Plan therefore contains a range of actions/events to further instil a sense of cultural awareness and value within the county. Indeed, many of the Creative Ireland principles are already held within the county, both at local authority level and amongst the various community groups and organisations. This, in no small part, is due to the depth of heritage and culture in Cork.

Tá ról thar a bheith tábhachtach ag údaráis áitiúla i dtaca le clár Éire Ildánach, ina iomláine, a chur i gcrích agus tá sainordú eisiach acu, trína gcuid meithleacha cultúir, Colún 2 den chlár a chur i gcrích - Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal. Tá cineachadh na freagrachta i leith Éire Ildánach chuig na húdaráis áitiúla bunaithe ar thionchar urghnách na dtionscadal comhoibríoch a chomhordaigh údaráis áitiúla do chothrom céad bliain 1916.

Sa Phlean seo, leagtar amach tús ról Chontae Chorcaí sa turas cúig bliana seo, ar tionscnamh fíorthábhachtach polasaí náisiúnta é atá dírithe ar chultúr agus ar fholláine agus tacóidh Comhairle Chontae Chorcaí le rannpháirtíocht ghníomhach fhorleathan i saol cultúir ár bpobal, agus cuirfidh sí rannpháirtíocht den sórt sin chun cinn, ar rud é sin atá 'lárnach d'Éire Ildánach' mar atá ráite ag an Aire Heather Humphries, T.D.

I gContae Chorcaí, thaispeáin 2016 an tslí inar féidir le pobail a bheith thar a bheith inspioráideach i dtaca le cruthaitheacht chultúir atá bunaithe ar an stair. Ach meas a léiriú ar na grúpaí pobail sin, agus ar a samhlaíocht, trí Chlár Éire Ildánach, tá an fhéidearthacht leanúnach ann chun feabhas a chur ar fholláine i gcoitinne agus ar chaighdeán an tsaoil. Aithníonn Comhairle Chontae Chorcaí go bhfuil saibhreas agus éagsúlacht ann sa chontae i dtaca le cúrsaí cultúir de (idir chultúr na hÉireann agus chultúr ilnáisiúnta) agus, dá bhrí sin, cuimsíonn an Plean seo raon gníomhaíochtaí/imeachtaí trína ndéanfar meon feasachta agus measa i ndáil le cúrsaí cultúir a chothú tuilleadh laistigh den chontae. Le fírinne, tá cuid mhór de phrionsabail Éire Ildánach a gcur i bhfeidhm cheana féin sa chontae ar leibhéal an údaráis áitiúil agus i measc na ngrúpaí agus na n-eagraíochtaí pobail éagsúla. Is é is mó is cúis leis sin ná fairsinge na hoidhreachta agus an chultúir i gCorcaigh.

With our coastal community cultures scattered along a 1,094-kilometre coastline, to the culture of people on our hills and valleys, towns and villages, the culture of the county is not just profound; it is unique. With a history spanning thousands of years and with Cork being one of only two counties in Ireland that is both part of the Wild Atlantic Way and also part of Ireland's Ancient East, there is so much to inspire culture and creativity in the county. Cork County Council will work to ensure that the county's unique culture(s) and places from its Gaeltachts and Islands to its walled towns and rural heartlands are all part of this creative initiative.

The Creative Ireland Programme in Cork will see heritage sites, buildings and people come alive, their stories told and conveyed through an inspiring array of creative outputs such as music, drama, re-enactments and performances. The Programme will also see a strong focus on contemporary culture and the county is already served well by a number of different Art Centres, Heritage Centres and Community Cultural Centres as well as a wonderful network of 28 Library Buildings. Cork County Council also owns many tourist attractions of cultural/heritage importance. These built resources - and it is hoped that Creative Ireland will see the development of many more within the County - provide wonderful opportunities for both existing groups and artists and new ones alike, to communicate and collaborate together – to be historian and artist at the same time.

Agus cultúr na bpobal cósta atá scaipthe thar chósta atá 1,094 chiliméadar ar fad agus cultúr na ndaoine a chónaíonn ar chnoic agus i ngleannta, i sráidbhailte agus i mbailte móra á gcur san áireamh, ní amháin go bhfuil cúrsaí cultúir sa chontae fairsing ach tá siad uathúil freisin. Ós rud é go dtéann stair Chorcaí siar na mílte bliain, agus ós rud é gur ceann amháin den dá chontae é lena mbaineann Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Oirthear Ársa na hÉireann, tá cuid mhór nithe ann a spreagann gníomhaíochtaí cultúir agus cruthaitheachta sa chontae. Oibreoidh Comhairle Chontae Chorcaí chun a chinntiú go mbeidh cultúr uathúil (cultúir uathúla) agus áiteanna uathúla an chontae, lena n-áirítear na ceantair Ghaeltachta agus na hOileáin atá ann agus na bailte múrtha agus na príomhlonnaíochtaí tuaithe, ina gcuid dhílis den tionscnamh cruthaitheach seo.

Mar thoradh ar Chlár Éire Ildánach i gCorcaigh, déanfar láithreáin oidhreachta, foirgnimh agus daoine a athbheochan trína gcuid scéalta a insint agus a chur in iúl ar mhodh raon iontach bealaí cruthaitheacha amhail ceol, drámaíocht, athléirithe agus taibhiúcháin. Mar thoradh ar an gClár freisin, leagfar béim ar leith ar chultúr comhaimseartha freisin agus, go deimhin, tá roinnt ionad ann cheana féin a fhónann go maith don chontae, mar shampla, Ionaid Ealaíon, Ionaid Oidhreachta agus Ionaid Chultúir Pobail chomh maith le líonra iontach leabharlainne ina bhfuil 28 bhfoirgneamh. Ina theannta sin, is le Comhairle Chontae Chorcaí cuid mhór ionad turasóireachta a bhfuil tábhacht chultúir/oidhreachta acu. Cuireann na hacmhainní foirgnithe sin deiseanna iontacha ar fáil do ghrúpaí agus d'ealaíontóirí atá ann cheana féin agus do ghrúpaí agus d'ealaíontóirí nua araon cumarsáid agus comhoibriú a dhéanamh lena chéile - chun bheith ina staraithe agus ina n-ealaíontóirí ag an am céanna - agus táthar ag súil go ndéanfar lear mór eile acmhainní den sórt sin a fhorbairt sa chontae de bharr Éire Ildánach.

Just as the poetry of the Bards often echoed the stories of Ireland past, let the stories of Cork County's past inspire our creative output amongst people young and old. Indeed, as raised at one of the County's Creative Ireland workshops the Creative Ireland Initiative is somewhat like a modern day 'Gaelic Revival' as was seen in Ireland over one hundred years ago. Many wonderful ideas, concepts and projects have been suggested to Cork County Council both from workshops and by way of submissions on this plan, and it is intended, as an action of this plan, that many of these will be supported by way of a Creative Ireland County Cork Grant Scheme.

Cork is a County with a rich and vibrant culture that we value. We believe we have a story to tell to the world and that story will be told through the Creative Ireland Initiative.

Díreach mar ba mhinic a bhí macalla scéalta na hÉireann le braith i bhfilíocht na mBard, bíodh seanscéalta Chontae Chorcaí mar a bheadh inspioráid ann le haghaidh shaothar cruthaitheach na ndaoine, idir óg agus aosta. Go deimhin, mar a dúradh le linn ceann de cheardlanna Éire Ildánach sa Chontae, tá Tionscnamh Éire Ildánach cosúil le leagan nua-aoiseach de 'Athbheochan na Gaeilge' a bhí ann in Éirinn os cionn céad bliain ó shin. Tá cuid mhór smaointe iontacha, coincheap iontach agus tionscadal iontach molta do Chomhairle Chontae Chorcaí le linn ceardlann agus ar mhodh aighneachtaí maidir leis an bplean seo agus tá sé beartaithe, mar ghníomhaíocht de chuid an phlean seo, tacaíocht a thabhairt do chuid mhór díobh sin trí Scéim Deontais Éire Ildánach a riaradh i gContae Chorcaí.

Is contae é Corcaigh ina bhfuil cultúr saibhir bríomhar a bhfuil ard-mheas air. Creidimid go bhfuil scéal le hinsint againn don domhan agus go n-inseofar an scéal sin trí Thionscnamh Éire Ildánach.

The Creative Ireland Team in County Cork

MEITHEAL ÉIRE ILDÁNACH I GCONTAE CHORCAÍ

The team engaged to lead the Creative Ireland Programme in County Cork (the Culture Team) will be coordinated by Conor Nelligan, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. The full members of the Culture Team are:

Beidh an mheitheal atá tiomsaithe chun Clár Éire Ildánach a stiúradh i gContae Chorcaí (an Mheitheal Cultúir) á comhordú ag Conor Nelligan, ar duine de 31 chomhordaitheoir náisiúnta é a oibríonn mar mheitheal náisiúnta chun Clár Éire Ildánach a chur i gcrích. Is iad seo a leanas na lánbhaill den Mheitheal Cultúir:

Mary Ryan

Director of Service, Municipal District Operations and Rural Development

Mary Ryan oversees the Municipal District Operations and Rural Development Directorate of Cork County Council. The role covers a multitude of services including the County's Creative Ireland Culture Team, with a strong focus on enhancing well-being and quality of life in the towns, villages and rural areas of Cork County's eight Municipal Districts. Contact: email Maryb.Ryan@corkcoco.ie

Stiúrthóir Seirbhíse, Oibríochtaí Ceantar Bardasach agus Forbairt Tuaithe

Déanann Mary Ryan formhaoirseacht ar Stiúrthóireacht Oibríochtaí Ceantar Bardasach agus Forbartha Tuaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Clúdaíonn an ról líon mór seirbhísí lena n-áirítear Meitheal Cultúir Éire Ildánach an Chontae agus leagtar béim mhór ar fheabhsú na folláine agus an chaighdeáin maireachtála i mbailte, i sráidbhailte agus i gceantair thuaithe na nocht gCeantar Bardasach atá ann i gContae Chorcaí. Teagmháil: ríomhphost Maryb.Ryan@corkcoco.ie

Aileen Loughrey

Cork County Council Irish Officer

Aileen has been the Irish Officer for Cork County Council since July 2015. The primary role of the Irish Officer is to foster and promote the use of the Irish language within the Council and with its customers.
Contact: email aileen.loughrey@corkcoco.ie

Oifigeach Gaeilge Chomhairle Chontae Chorcaí

Is í Aileen Oifigeach Gaeilge Chomhairle Chontae Chorcaí ó bhí mí Iúil 2015 ann. Is é príomhról an Oifigigh Gaeilge úsáid na Gaeilge a chur chun cinn laistigh den Chomhairle agus sa chaidreamh le custaiméirí na Comhairle.
Teagmháil: ríomhphost aileen.loughrey@corkcoco.ie

Eileen O'Brien

Cork County Librarian

Eileen has been the County Librarian for County Cork since 2013, with responsibility for leading the delivery of public library services through a network of 28 branch libraries and 4 mobile libraries. The role of the library service is to promote a love of literature, reading and learning and to enhance community participation by providing free welcoming cultural spaces for the benefit of local communities.
Contact: email corkcountylibrary@corkcoco.ie

Leabharlanna Contae Chorcaí

Is í Eileen an Leabharlannaí Contae i gContae Chorcaí ón mbliain 2013 agus tá freagracht uirthi i ndáil le soláthar seirbhísí leabharlainne poiblí a stiúradh trí líonra 28 leabharlann bhrainse agus 4 leabharlann taistil. Is é ról na seirbhíse leabharlainne grá don litríocht, don léitheoireacht agus don léann a chur chun cinn agus feabhas a chur ar rannpháirtíocht an phobail trí spáis chultúir fháilteacha saor in aisce a chur ar fáil chun tairbhe do phobail áitiúla.
Teagmháil: ríomhphost corkcountylibrary@corkcoco.ie

Ian McDonagh

Cork County Council Arts Officer

As Arts Officer for Cork County Council, Ian's role includes support and advocacy for the development of the arts at local level; advising the members of Cork County Council in the formulation of policies; co-ordination of council arts services; promoting access to and participation in the arts and supporting the creative artist and the development of new audiences for the arts. Contact: email Arts@corkcoco.ie

Oifigeach Ealaíon Chomhairle Chontae Chorcaí

Ina cháil mar Oifigeach Ealaíon do Chomhairle Chontae Chorcaí, áiríonn an ról atá ag Ian tacaíocht a sholáthar, agus cur chun cinn a dhéanamh, i leith fhorbairt na n-ealaíon ar an leibhéal áitiúil; comhairle a chur ar fáil do chomhaltaí Chomhairle Chontae Chorcaí le linn beartais a cheapadh; comhordú a dhéanamh ar sheirbhísí ealaíon na comhairle; rochtain ar na healaíona, agus rannpháirtíocht sna healaíona, a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí cruthaitheacha agus i leith lucht spéise nua a fhorbairt do na healaíona. Teagmháil: ríomhphost Arts@corkcoco.ie

Rose Carroll

A/Senior Executive Officer, Tourism

Recently the Tourism Section has developed A Tourism Statement of Strategy & Work Programme 2017 – 2022, which details Cork County Council's role as a leader of tourism development. The key focuses of the Tourism section include 1) Product/Experience Development; 2) Festivals and Events, and, 3) Marketing and Promotion. In addition, many tourist attractions owned by Cork County Council have significant cultural/heritage appeal and will see a strong focus over the coming years. Contact: email rose.carroll@corkcoco.ie

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach, Turasóireacht

Le déanaí, tá forbairt déanta ag an Rannóg Turasóireachta ar Ráiteas Straitéise & Clár Oibre Turasóireachta 2017 - 2022 ina leagtar amach mionsonraí faoi ról Chomhairle Chontae Chorcaí mar cheannaire i dtaca le cúrsaí forbartha turasóireachta. I measc phríomhréimsí oibre na rannóige Turasóireachta áirítear 1) Forbairt Táirgí/Eispéiris; 2) Féilte agus Imeachtaí, agus 3) Margaíocht agus Cur Chun Cinn. De bhreis air sin, tá gné shuntasach chultúir/oidhreachta ag baint le cuid mhór ionad turasóireachta de chuid Comhairle Chontae Chorcaí agus beifear ag díriú go mór orthu sin sna blianta atá romhainn. Teagmháil: ríomhphost rose.carroll@corkcoco.ie

Conor Nelligan

Cork County Council Heritage Officer, Commemorations and Creative Ireland Coordinator

Working within Cork County Council and with Community Groups across the County, Conor has undertaken an extensive range of projects, particularly from a heritage and commemorations perspective.
Contact: email conor.nelligan@corkcoco.ie

Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Chontae Chorcaí, Comhordaitheoir Cuimhneachán agus Éire Ildánach

Agus é ag obair i gComhairle Chontae Chorcaí agus le Grúpaí Pobail ar fud an Chontae, tá raon forleathan tionscadal tionscanta ag Conor, go háirithe sa réimse oidhreachta agus cuimhneacháin. Teagmháil: ríomhphost conor.nelligan@corkcoco.ie

Cork County Council's Culture Team can be contacted by emailing creativeireland@corkcoco.ie

Cork County Council's Culture Team will meet regularly and engage continually with community groups and organisations throughout Cork County to ensure that Culture and Creativity are at the heart of what we do and who we are, as a people.

The Director of Service will oversee the direction of the Creative Ireland Programme in the county, supported by the Creative Ireland Coordinator and Culture Team. The Coordinator will be the central point of contact for the Creative Ireland Programme, on a national basis, and both within the Local Authority Network and for community groups throughout the County, and will together with the Culture Team, strive towards enhancing public participation in creative cultural activity in the County of Cork.

Each and every person on the Team has a key role in ensuring the success, and deserved success, of the Creative Ireland Programme in the County of Cork.

Is féidir teagmháil a dhéanamh le Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae Chorcaí trí theachtaireacht ríomhphost a chur chuig creativeireland@corkcoco.ie

Tiocfaidh Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae Chorcaí le chéile go rialta agus beidh caidreamh leanúnach acu le grúpaí agus le heagraíochtaí pobail ar fud Chontae Chorcaí lena chinntiú go mbíonn Cultúr agus Cruthaitheacht i gcroílár gach ní a dhéanaimid agus gur dlúthchuid dár saol mar phobal iad.

Déanfaidh an Stiúrthóir Seirbhíse formhaoirseacht ar stiúradh Chlár Éire Ildánach sa chontae agus gheofar tacaíocht ina leith sin ó Chomhordaitheoir agus ó Mheitheal Cultúir Éire Ildánach. Feidhmeoidh an Comhordaitheoir mar lárphointe teagmhála do Chlár Éire Ildánach, ar bhonn náisiúnta agus laistigh den Líonra Údarás Áitiúil, agus do ghrúpaí pobail ar fud an Chontae; agus, i gcomhar leis an Meitheal Cultúir, féachfar le feabhas a chur ar rannpháirtíocht an phobail i ngníomhaíochtaí cruthaitheachta agus cultúir i gContae Chorcaí.

Tá ról tábhachtach ag gach uile dhuine ar an Meitheal i ndáil lena chinntiú go mbeidh rath ar Chlár Éire Ildánach i gContae Chorcaí, ar rath é a bheidh tuillte go mór.

Implementation
Cur i bhfeidhm

This Plan sets out a number of actions and initiatives and is essentially a precursor to the larger and more detailed Cork County Culture Strategy 2017-2022 which, it is envisaged, will be completed and adopted in the year ahead.

Implementation of this plan by the County's Culture Team will require the support and co-operation of Council staff across several Directorates and engagement by the wider cultural sector in Cork County, including individuals, groups and community organisations. Cork County Council recognises and values the wonderful work done by the Cultural Sector within the county and a key aim of the Creative Ireland Programme is to reach out to new audiences and achieve increased public engagement with, and participation in, cultural activity.

Sa Phlean seo, leagtar amach roinnt beart agus tionscnamh agus, go bunúsach, is réamhtheachtaí é i gcomhthéacs plean níos mó agus níos mionsonraithe, is é sin, Straitéis Chultúir Chontae Chorcaí 2017-2022 a samhlaítear ina leith go mbeidh sí réidh lena glacadh faoi Dheireadh Fómhair 2017.

Le linn do Mheitheal Cultúir an Chontae an plean seo a chur i bhfeidhm, beidh gá le tacaíocht ó fhoireann roinnt Stiúrthóireachtaí de chuid na Comhairle agus, chomh maith leis sin, beidh gá le rannpháirteachas na hearnála cultúir i gcoitinne, lena n-áirítear daoine aonair, grúpaí agus eagraíochtaí pobail. Aithníonn Comhairle Chontae Chorcaí an obair iontach atá déanta ag an Earnáil Chultúir sa chontae, agus tá ard-mheas acu ar an obair sin, agus tá sé mar phríomhaidhm de chuid Chlár Éire Ildánach dul i dteagmháil le lucht spéise nua agus méadú a dhéanamh ar rannpháirteachas an phobail i ngníomhaíochtaí cultúir.

SCOPE OF PLAN

The broad scope of this plan is reflected in a broad appreciation as to what constitutes culture by Cork County Council, who will focus on a wide range of cultural/creative activity to achieve a better quality of life. Intergenerational learning, culture for children and oral heritage are all valuable focus areas and the Irish language is also of great significance. In addition to this wonderful Irish heritage and culture, the county is also home to many diverse communities and multiculturalism will also be an important component of the Creative Ireland Programme in County Cork.

In implementing this plan, Cork County Council values the potential of creativity and culture/heritage to have positive impacts for personal/collective well-being, including mental health. In working with local groups and organisations, Cork County Council will endeavour to make culture as accessible as possible, to include people of all ages, abilities and disabilities.

SCÓIP AN PHLEAN

Tá scóip leathan an phlean seo bunaithe ar thuiscint leathan Chomhairle Chontae Chorcaí i dtaobh céard é cultúr agus beifear ag díriú ar raon leathan gníomhaíochtaí cultúir/cruthaitheachta chun cáilíocht beatha níos fearr a bhaint amach. Réimsí ar fiú díriú orthu is ea iad an fhoghlaim idirghlúine, cultúr do leanaí agus an oidhreacht bhéil agus tá tábhacht mhór ag an nGaeilge freisin. De bhreis ar an oidhreacht agus ar an gcultúr iontach sin de chuid na hÉireann, tá cónaí ar cuid mhór pobal ilchineálach sa chontae freisin agus beidh an t-ilchultúrachas ina ghné thábhachtach de Chlár Éire Ildánach i gContae Chorcaí.

Le linn an plean seo a chur i bhfeidhm, cuirfidh Comhairle Chontae Chorcaí san áireamh cumas na cruthaitheachta agus an chultúir/na hoidhreachta tionchar dearfach a imirt ar fholláine phearsanta/chomhchoiteann, lena n-áirítear meabhairshláinte. Agus í ag obair le grúpaí agus le heagraíochtaí áitiúla, féachfaidh Comhairle Chontae Chorcaí lena chinntiú go mbeidh teacht ar imeachtaí cultúir go feadh an méid is mó is féidir, agus rochtain do dhaoine i ngach aoisghrúpa, beag beann ar chumas nó ar mhíchumas. Beidh sé thar a bheith tábhachtach leanúint d'úsáid a bhaint as an Líonra Leabharlann chun rannpháirtíocht grúpaí, idir ghrúpa nua agus grúpaí atá ann cheana féin, a éascú.

Le linn an Plean Cultúir agus Cruthaitheachta don bhliain 2017 a chur i bhfeidhm, beidh Comhairle Chontae Chorcaí ag díriú go formhór ar réimsí na Cumarsáide agus na Tacaíochta Comhairlí/Pobail.

The continued use of the Library Network for facilitating the involvement of groups, new and old, will be paramount.
In implementing this Culture and Creativity Plan for 2017, Cork County Council will be mainly focusing on the areas of Communications and Advisory/Community Support.

COMMUNICATIONS

In order to communicate awareness of the Plan, several different mechanisms will be used:

- **Cork County Council Website**
  Cork County Council, via a dedicated section of its website (www.corkcoco.ie), will promote all aspects of Creative Ireland
- **Mailing list**
  A regular email update (via the Council's Arts news, Heritage news and Public Participation Networks) will be sent to individuals, groups and organisations regarding the Creative Ireland Programme to include details of upcoming events, initiatives, project ideas and reviews.
- **Updates on social media**
  Cork County Council will post regularly via social media and encourage others to use their own mechanisms to increase awareness of Creative Ireland.

CUMARSÁID

Chun feasacht faoin bPlean a áirithiú, bainfear úsáid as roinnt sásraí éagsúla:

- **Láithreán Gréasáin Chomhairle Chontae Chorcaí**
  Cuirfidh Comhairle Chontae Chorcaí gach gné d'Éire Ildánach chun cinn trí roinn ar leith ar a láithreán gréasáin (www.corkcoco.ie)).
- **Liosta Seoltaí**
  Cuirfear ábhar uasdátaithe go rialta (trí Líonraí Nuacht Ealaíon, Nuacht Oidhreachta agus Rannpháirtíochta Poiblí na Comhairle) le ríomhphost chuig daoine aonair, chuig grúpaí agus chuig eagraíochtaí maidir le Clár Éire Ildánach, lena n-áirítear mionsonraí faoi imeachtaí a bheidh ann go gairid, tionscnaimh, smaointe le haghaidh tionscadail agus faoi léirmheasanna.
- **Faisnéis uasdátaithe ar na meáin shóisialta**
  Cuirfidh Comhairle Chontae Chorcaí ábhar ar fáil go rialta trí na meáin shóisialta agus spreagfaidh siad do dhreamanna eile a gcuid bealaí féin a úsáid chun feasacht faoi Éire Ildánach a mhéadú.

- **Library Suggestion Boxes**
  In each of Cork County Council's Library Buildings and mobile Libraries, a Creative Ireland suggestion box will be installed to encourage widespread involvement and discourse for creativity in County Cork.
- **YouTube**
  Cork County Council, in recognition of the importance of Pillar 4 of the Programme (The Creative Industries and Media Production) intends to present Creative Ireland County Cork related footage and promotional videos on YouTube.
- **SPC and Development Committee Presentations**
  The Culture Team will give regular presentations and updates to relevant Arts, Culture and Languages SPC and other SPCs and at Development Committee Meetings.
- **Creative Ireland and County Cork Worldwide**
  The Culture Team will seek to add to the existing database of County Cork focussed groups and organisations abroad as well as foreign communities through the Twinned Town network, maintaining regular contact regarding Creative Ireland developments both at home and abroad. The Culture Team will also encourage local communities and organisations to get involved with their friends abroad and to share ideas and stories with one another and perhaps even projects – tying in well with Pillar 5 of Creative Ireland.

- **Boscaí Moltaí i Leabharlanna**
  Beidh bosca moltaí ann i ngach Foirgneamh Leabharlainne agus i ngach Leabharlann Taistil de chuid na Comhairle chun rannpháirtíocht fhorleathan a spreagadh agus chun díospóireacht a chothú i ndáil le cruthaitheacht i gContae Chorcaí.
- **YouTube**
  Mar aitheantas do thábhacht Cholún 4 den Chlár (Na Tionscail Chruthaitheacha agus Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta), tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae Chorcaí míreanna scannánaíochta agus físeáin bholscaireachta a bhaineann le hÉire Ildánach i gContae Chorcaí a chur ar fáil ar YouTube.
- **Cur i Láthair do Choistí Beartais Straitéisigh (CBS-anna) agus don Choiste Forbartha**
  Tabharfaidh an Mheitheal Cultúir cur i láthair agus faisnéis uasdátaithe go tráthrialta don CBS Ealaíon, Cultúir agus Teanga agus do CBS-anna iomchuí eile agus ag cruinnithe den Choiste Forbartha.
- **Éire Ildánach agus Contae Chorcaí ar fud an domhain**
  Féachfaidh an Mheitheal Cultúir le cur le bunachar sonraí láithreach na ngrúpaí agus na n-eagraíochtaí atá ann thar lear agus atá bainteach le Contae Chorcaí agus, chomh maith leis sin, le cur leis an líon pobal coigríche trí líonra na mBailte Nasctha, agus déanfar teagmháil rialta maidir le forbairtí in Éirinn agus thar lear a choimeád ar bun. Ina theannta sin, tabharfaidh an Mheitheal Cultúir spreagadh do phobail áitiúla agus d'eagraíochtaí chun bheith rannpháirteach i gcomhar lena gcairde thar lear, agus chun smaointe agus scéalta a chomhroinnt lena chéile agus, fiú amháin tionscadail a reáchtáil i gcomhpháirt lena chéile - rud a d'oirfeadh go maith do Cholún 5 d'Éire Ildánach.

- **Promotion in local Media Sources**
  The Culture Team will liaise regularly with the local media (print and radio) to provide and facilitate features, details, interviews and descriptions of various Creative Ireland undertakings and events.

ADVISORY/COMMUNITY SUPPORT

- **Queries and Questions Cork County**
  The Culture Team will support community groups/organisations and local schools by answering related queries and questions in as timely a manner as possible. Questions/queries can be sent to creativeireland@corkcoco.ie.

- **Community Advice and Support Sessions**
  Cork County Council recognises that there are many groups in the County active in cultural/heritage activity as well as many more looking to get involved. The Culture Team will host a number of sessions around the county to ensure that these groups are adequately informed, advised and mentored as to good practice and practical ideas for organising/managing local Creative Ireland projects and events.

- **Open Day**
  Cork County Council's Culture Team will host a Creative Ireland County Cork Open Day, where those present can learn of and discuss/provide feedback on a range of different projects and initiatives.

- **Cur Chun Cinn i bhFoinsí Meán áitiúla**
  Déanfaidh an Mheitheal Cultúir idirchaidreamh ar bhonn rialta leis na meáin áitiúla (na meáin chlóite agus an earnáil raidió) chun ábhar sainiúil, mionsonraí, agallaimh agus tuairiscí faoi ghníomhaíochtaí agus imeachtaí Éire Ildánach a sholáthar agus a éascú.

TACAÍOCHT CHOMHAIRLEACH/PHOBAIL

- **Fiosruithe agus Ceisteanna faoi Chontae Chorcaí**
  Tacóidh an Mheitheal Cultúir le grúpaí/heagraíochtaí pobail agus le scoileanna áitiúla trí fhreagra a thabhairt ar fhiosruithe agus ar cheisteanna ábhartha ar mhodh chomh tráthúil agus is féidir. Is féidir ceisteanna/fiosruithe a chur chuig creativeireland@corkcoco.ie.

- **Comhairle do Phobail agus Seisiúin Tacaíochta**
  Tuigeann Comhairle Chontae Chorcaí go bhfuil cuid mhór grúpaí ann sa Chontae atá gníomhach sa réimse cultúir/oidhreachta cheana féin agus go bhfuil cuid mhór grúpaí eile ann atá ag iarraidh a bheith rannpháirteach sa réimse sin. Eagróidh an Mheitheal Cultúir roinnt seisiún ar fud an chontae chun a chinntiú go bhfuil dóthain eolais, comhairle agus meantóireachta ag na grúpaí sin maidir le dea-chleachtas agus smaointe praiticiúla i leith tionscadail agus imeachtaí áitiúla Éire Ildánach a eagrú/bhainistiú.

- **Lá Oscailte**
  Eagróidh Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae Chorcaí Lá Oscailte maidir le hÉire Ildánach i gContae Chorcaí ar lena linn a bheidh an lucht freastail in ann foghlaim faoi raon tionscadal agus tionscnamh éagsúil agus díospóireacht a dhéanamh/aiseolas a thabhairt ina leith.

- **Venue-Find: Creative Ireland County Cork**
  The Culture Team will work with local community groups in finding a nearby venue for local Creative Ireland meetings, initiatives, events and performances. As part of the process, Council owned/operated facilities to encourage/support/showcase local cultural output will also be made available where possible/feasible. The identifying of new locations/venues for cultural output has the potential to see further investment in our creative and cultural infrastructure (Pillar 3 of the National Creative Ireland Plan).

- **Creative Ireland County Cork Grant Scheme**
  The Culture Team will support a range of community natured projects and initiatives under a Creative Ireland Programme Grant Scheme, to be launched in summer 2017.

- **Supporting Irish**
  The Irish Language will form a very important part of the Creative Ireland Programme in County Cork. The Culture Team will encourage projects that relate to the Irish Language and will develop a process for further enhancing and promoting Irish, both for existing Irish Language groups and to encourage new users.

- **Supporting All Cultures**
  Cork County Council appreciates a full and diverse range of cultures and lifestyles within the county. To this effect, the Culture Team will encourage projects that include multiculturalism, in particular, working with and reaching out to a variety of groups and organisations such that every and any cultural group in County Cork will have the opportunity to be part of the Creative Ireland Programme.

- **Aimsiú Ionaid: Éire Ildánach i gContae Chorcaí**
  Oibreoidh an Mheitheal Cultúir le grúpaí pobail áitiúla chun ionad áisiúil a aimsiú inar féidir cruinnithe áitiúla, tionscnaimh, imeachtaí agus taibhiúcháin de chuid Éire Ildánach a reáchtáil. Mar chuid den phróiseas, déanfar saoráidí ar leis an gComhairle iad/atá á n-oibriú ag an gComhairle a chur ar fáil más féidir/indéanta chun aschur cultúir áitiúil a spreagadh nó a chur ar taispeáint nó chun tacaíocht a thabhairt ina leith sin. Trí shuímh/ionaid nua le haghaidh aschur cultúir a shainaithint, cruthófar deiseanna le haghaidh tuilleadh infheistíochta in infreastruchtúr na cruthaitheachta agus an chultúir (Colún 3 de Phlean Náisiúnta Éire Ildánach).
- **Scéim Deontais Éire Ildánach i gContae Chorcaí**
  Tacóidh an Mheitheal Cultúir le raon tionscadal agus tionscnamh pobail faoi Scéim Deontais Chlár Éire Ildánach a bhfuil tús le cur léi i samhradh na bliana 2017.
- **Tacaíocht don Ghaeilge**
  Beidh an Ghaeilge ina cuid an-tábhachtach de Chlár Éire Ildánach i gContae Chorcaí. Spreagfaidh an Mheitheal Cultúir tionscadail a bhaineann leis an nGaeilge agus trína bhforbrófar próiseas chun cúrsaí Gaeilge a fheabhsú agus a chur chun cinn tuilleadh i measc grúpaí Gaeilge atá ann cheana féin agus chun spreagadh a thabhairt d'úsáideoirí nua.
- **Tacaíocht do Gach Cultúr**
  Is mór ag Comhairle Chontae Chorcaí an raon iomlán ilchineálach cultúr agus stíleanna maireachtála atá ann sa chontae. I dtaca leis sin de, spreagfaidh an Mheitheal Cultúir tionscadail a bhfuil ilchultúrachas ann mar chuid díobh, go háirithe obair agus teagmháil a dhéanamh le grúpaí agus eagraíochtaí éagsúla ionas go mbeidh deis ag gach uile grúpa cultúir i gContae Chorcaí páirt a ghlacadh i gClár Éire Ildánach.

Projects
TIONSCADAIL

PROJECTS FOR 2017

This Plan contains many different projects, initiatives and undertakings, which have all been agreed by Cork County Council's Culture Team and presented to Cork County Council's Development Committee and Arts SPC. While many of these projects/initiatives are already in place, Creative Ireland gives additional weight to these undertakings and has furthermore directly facilitated the inclusion of many new cultural undertakings. These and other projects should help to establish a sound footing for Creative Ireland in County Cork this year, and furthermore, through a range of different events and supported cultural festivals, promote Creative Ireland to a greatly increased audience, across the five pillars of the Initiative.

TIONSCADAIL DO 2017

Tá cuid mhór tionscadal éagsúil, tionscnamh éagsúil agus imeachtaí éagsúla ann sa Phlean seo agus tá siad go léir aontaithe ag Meitheal Cultúir Chontae Chorcaí agus, chomh maith leis sin, cuireadh faoi bhráid Choiste Forbartha Chomhairle Chontae Chorcaí agus an CBS maidir le Cúrsaí Ealaíon iad. Cé go raibh cuid mhór de na tionscadail/tionscnaimh sin ann cheana féin, tugann Éire Ildánach tuilleadh tábhachta dóibh agus, thairis sin, de bharr Éire Ildánach, éascaíodh cuid mhór imeachtaí cultúir nua a áireamh sa chlár. Is ceart go gcabhróidh na tionscadail sin agus tionscadail eile le bonn maith a chur faoi Éire Ildánach i gContae Chorcaí i mbliana agus, thairis sin, mar thoradh raon imeachtaí éagsúla agus féilte cultúir a mbeidh tacaíocht á fáil acu, cuirfear Éire Ildánach chun cinn i measc lucht spéise i bhfad níos mó i dtaca leis na cúig cholún den Tionscnamh de.

Creative Ireland Programme Funded/ Enhanced Projects for 2017

Undoubtedly the biggest action to be undertaken in 2017 will be the County Cork Cultural Plan 2017 – 2022. This Cultural Strategy will be of key importance for putting Culture and the Creative Ireland Agenda to the fore in the County and the 2017 Action Plan will form the bedrock for much of this plan. Cork County Council will engage widely on the formulation of the plan itself, both internally within the organisation and throughout the County by hosting workshops in each of County Cork's eight Municipal Districts.

Cruinniú na Cásca Cork County Legacy Project:

Cruinniú na Cásca, 2017, took place on Easter Monday, 17th April and in the County of Cork, over 20 free and fully inclusive community events took place. To leave a lasting legacy of this seminal day, a High Definition DVD of events in the County is being undertaken. This footage will be widely circulated and promoted, at home and abroad. In addition, associated material and documentation will also be collated and a database/archive of same created.

Creative Ireland County Cork Grant Scheme:

Building on the success of the 1916 Centenary Fund run by Cork County Council for community groups in 2016, 2017 will see a Creative Ireland County Cork Grant Scheme, financed through monies from the Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs. This Scheme recognises the importance of the community sector to the county's very culture and well-being and acknowledges that Creative Ireland, with a small amount of seed capital at a grassroots level, can empower communities, to be instrumental to the success of the Creative Ireland Initiative in Cork County.

The funding scheme will therefore, in essence, be for any project, event or initiative that falls under any one of the five Creative Ireland Pillars, and provided that project outputs will be of long-term benefit to the County's Culture and Creativity. Full details of the scheme will be announced in summer on (www.corkcoco.ie)

Tionscadail don bhliain 2017 atá Maoinithe/ Feabhsaithe faoi Chlár Éire Ildánach

Gan aon amhras, is é an beart is mó a dhéanfar sa bhliain 2017 ullmhú Phlean Cultúir Chontae Chorcaí 2017 - 2022. Beidh an Straitéis Chultúir tábhachtach go háirithe i leith an Cultúr agus Clár Oibre Éire Ildánach a chur chun tosaigh sa Chontae agus beidh Plean Gníomhaíochta 2017 mar a bheadh dúshraith ann don chuid is mó den phlean sin. Glacfaidh Comhairle Chontae Chorcaí comhairle ar bhonn forleathan maidir le tiomsú an phlean laistigh den eagraíocht agus ar fud an Chontae trí cheardlanna a eagrú i ngach ceann de na hocht gCeantar Bhardasacha atá ann i gContae Chorcaí.

Cruinniú na Cásca - Tionscadal le hOidhreacht Chontae Chorcaí:

Bhí Cruinniú na Cásca 2017 ann ar Luan Casca, an 17 Aibreán, agus, i gContae Chorcaí, bhí níos mó ná 20 imeacht pobail ann agus iad saor in aisce agus go hiomlán uilechuimsitheach. Le go mbeidh oidhreacht bhuan ann i leith an lae an-tábhachtach sin, tá DVD Ardghléine de na himeachtaí sa Chontae á ullmhú. Déanfar na míreanna scannánaíochta sin a scaipeadh agus a chur chun cinn go forleathan, in Éirinn agus thar lear. De bhreis air sin, déanfar ábhair agus doiciméid ghaolmhara a thiomsú agus cruthófar bunachar sonraí/cartlann ina gcoimeádfar na hábhair agus na doiciméid sin.

Scéim Deontais Éire Ildánach i gContae Chorcaí:

De bharr rath Chiste Comórtha 1916 a d'eagraigh Comhairle Chontae Chorcaí do ghrúpaí pobail sa bhliain 2016, beidh Scéim Deontais Éire Ildánach i gContae Chorcaí ann sa bhliain 2017, á maoiniú as airgead a gheofar ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Tríd an scéim sin, tugtar aitheantas do thábhacht na hearnála pobail chultúr agus fholláine na tíre agus tugtar admháil gur féidir le hÉire Ildánach, ach méid beag síolchaipitil a sholáthar ar leibhéal an phobail, pobail a chumhachtú chun ról fíorthábhachtach a chomhlíonadh i ndáil le rath Thionscnamh Éire Ildánach i gContae Chorcaí.

Dá bhrí sin, bainfidh an scéim deontais, go bunúsach, le haon tionscadal, imeacht nó tionscnamh a thagann faoi réim aon cheann de na cúig Cholún de chuid Éire Ildánach ar choinníoll nach mór go rachaidh aschuir an tionscadail lena mbaineann chun tairbhe, ar bhonn fadtéarma, don Chultúr agus don Chruthaitheacht sa Chontae. Fógrófar mionsonraí iomlána faoin scéim sa samhradh ar (www.corkcoco.ie).

Creative Ireland and Cork County Library:

Cork County Library aims to empower communities by providing access to resources that educate, inform, enlighten and enrich the lives of their citizens, by promoting and supporting literature and a love of reading, and by collecting and preserving resources relating to the cultural heritage of County Cork. The ongoing relevance and popularity of this essential cultural service is evident in its usage levels- over 1.76 million issues in 2016 and more than 1.72 million visits to libraries countywide. Libraries also play host to a wealth of cultural and community groups on a regular basis, from book club and writers' group meetings to ciorcail cainte and arts/crafts groups.

Cork County Council's Library Service has proposed a wonderful range of events and initiatives that will put culture and creativity at the heart of the County's Library Network, clearly meeting with the overarching aims of each of the 5 Pillars of the National Creative Ireland Plan.

- Deliver a programme of events and activities which place the enjoyment, enhancement and promotion of reading and literature in its various forms to the forefront of the library service, under the theme of "Hooked on Books".
- Actively participate in National Poetry Day by scheduling events all across the county.
- Research, curate and compile a local

Éire Ildánach agus Leabharlann Chontae Chorcaí:

Tá sé mar aidhm ag Leabharlann Chontae Chorcaí pobail a chumhachtú trí rochtain a sholáthar ar acmhainní a thugann oiliúint, eolas agus tuiscint do na saoránaigh, agus a shaibhríonn saol na saoránach, trí litríocht agus grá don léitheoireacht a chur chun cinn, agus trí thacú leis na nithe sin, agus trí acmhainní a bhaineann le hoidhreacht chultúir Chontae Chorcaí a bhailiú agus a chaomhnú. Tá tábhacht leanúnach na seirbhíse riachtanaí cultúir seo, agus tá an tóir atá uirthi, soiléir ó na leibhéil úsáide a bhaineann léi - os cionn 1.76 milliún ítim eisithe sa bhliain 2016 mar aon le níos mó na 1.72 cuairt ar leabharlanna ar fud an chontae. Ina theannta sin, feidhmíonn leabharlanna mar óstach go tráthrialta do ghrúpaí cultúir agus pobail, is é sin le rá, cruinnithe clubanna leabhar agus cruinnithe grúpaí scríbhneoirí, mar shampla, agus ciorcail chainte agus grúpaí ealaíon/ceardaíochta.

Tá Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Chontae Chorcaí tar éis raon iontach imeachtaí agus tionscnamh a mholadh a chuirfidh an cultúr agus an chruthaitheacht i gcroílár Líonra Leabharlann an Chontae, agus is cinnte go gcomhlíonann siad aidhmeanna foriomlána na 5 Cholún de Phlean Náisiúnta Éire Ildánach.

- Clár imeachtaí agus tionscnamh a chur ar fáil ar lena linn a gcuirtear taitneamh, feabhsú agus cur chun cinn na léitheoireachta agus gach cineál litríochta a chur chun tosaigh sa tseirbhís

history exhibition entitled "Ford – the Cork Connection", to mark the 100th anniversary of the Ford Factory opening in Cork. Launch at HQ to feature a talk by Miriam Nyhan, author. Tour the storyboards to other branches during the second half of the year.

- Host a dramatisation of Jane Eyre in three branch libraries.
- Host a dramatisation of Ulysses – "Strolling through Ulysses" with Robert Gogan in three branch libraries.
- Launch a new mobile library for West Cork, in an ongoing commitment to providing socially inclusive, cultural, information and educational services in areas where there is no branch library. Host an art competition for inclusion in the design of the library graphics, and as a way of highlighting public awareness of the service.
- Continue to support the storytime best practice model in library branches, as piloted in 2016, including participation in the 'Spring into Storytime' initiative. Provide training and resources as required. Build on progress to date and where possible roll it out to additional branches.
- Liaise with the scientific community to promote exploration and learning in the areas of science, particularly in light of the forthcoming ISU Space Studies Programme in the Summer of 2017.
- Organise a children's collage competition in Mallow Library to highlight Cruinniú na Cásca celebrations there.
- Research and curate a commemorative exhibition piece on Jack Lynch on the 100th anniversary of his birth, to be circulated to all branches in poster format.
- Research and curate a commemorative exhibition piece on the Manchester Martyrs, including the Cork links of Allen (Bandon) and O'Brien (Ballymacoda).
- Promote the art of creative writing through

leabharlainne, agus "Gafa le Leabhair/Hooked on Books" mar théama aige.

- Páirt ghníomhach a ghlacadh i Lá Náisiúnta na Filíochta trí imeachtaí a eagrú ar fud an chontae.
- Taighde, coimeádaíocht agus tiomsú a dhéanamh i leith taispeantas staire áitiúla dar teideal "Ford - an Nasc le Corcaigh" chun cothrom 100 bliain oscailt Mhonarcha Ford i gCorcaigh a chomóradh. Mar chuid den lainseáil sa Cheannoifig beidh caint ann a thabharfaidh an t-údar Miriam Nyhan. Turas sna cláir scéalta chuig brainsí eile le linn an dara leath den bhliain.
- Feidhmiú mar óstach do leagan drámaíochta de Jane Eyre i dtrí leabharlann bhrainse.
- Feidhmiú mar óstach do leagan drámaíochta de Ulysses - "Strolling through Ulysses" in éineacht le Robert Gogan i dtrí leabharlann bhrainse.
- Leabharlann taistil nua a lainseáil do Chorcaigh Thiar mar chuid de thiomantas leanúnach i leith seirbhísí cultúir, faisnéise agus oideachais atá uilechuimsitheach ar bhonn sóisialta a sholáthar i gceantair nach bhfuil leabharlann bhrainse iontu. Comórtas ealaíne a eagrú mar chuid de phróiseas deartha ghrafaicí na leabharlainne agus mar bhealach chun aird a thabhairt ar fheasacht faoin tseirbhís i measc an phobail.
- Leanúint de thacaíocht a thabhairt do mhúnla dea-chleachtais ama scéalaíochta i leabharlanna brainse, mar a tugadh isteach i bhfoirm phíolótach sa bhliain 2016, lena n-áirítear páirt a ghlacadh sa tionscnamh 'Spring into Storytime'. Oiliúint agus acmhainní a sholáthar mar is gá. Leas a bhaint as an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus, más féidir, é a leathnú chuig brainsí breise.
- Idirchaidreamh a dhéanamh leis an bpobal eolaíochta chun taiscéalaíocht agus foghlaim a chur chun cinn sna réimsí éagsúla den eolaíocht, go háirithe i bhfianaise Chlár Staidéar Spáis ISU a bheidh ann i samhradh na bliana 2017.
- Comórtas colláise do leanaí a eagrú i Leabharlann Mhala chun aird a tharraingt ar cheiliúradh

the continuation of the Writer in Residence programme in five branch Libraries in 2017.

- Promote literature and literacy to children during the summer months by active involvement in the Summer Reading Project.
- Publish a comprehensive booklet detailing the wide variety of library services now available, including cultural and heritage services.
- Promote arts, culture and heritage events via the calendar of events on the new CCC website as well as via Library social media profiles.
- Monitor and review the impact and focus of the Municipal Districts Creative Communities Scheme.
- Promote access to the Arts for young people and senior citizens through the Arts in Libraries programme.
- Advance the Local Studies online resources freely available to the public, by continuing the digitization of the department's photographic collections, revolutionary years-related material and exhibition material. Migrate the existing digital collections database to a new and more user-friendly platform.
- Research and prepare a talk in the area of Genealogy for delivery at library events such as Heritage Week and also at community events.
- Continue to host and support cultural groups in branch libraries, including bookclubs, ciorcail cainte, knitting and crochet groups, writers' groups, gramophone circles and local history/ heritage groups.

Chruinniú na Cásca ansin.

- Taighde agus coimeádaíocht a dhéanamh i leith mír thaispeántais faoi Sheán Ó Loingsigh ar chothrom céad bliain a bhreithe agus scaipfear an t-ábhar ar gach brainse i bhformáid phóstaeir.
- Taighde agus coimeádaíocht a dhéanamh i leith mír thaispeántais faoi Mhairtírigh Mhanchain, lena n-áirítear naisc Chorcaí an Ailínigh (Droichead na Bandan) agus an Bhrianaigh (Baile Mhac Óda).
- Ealaín na scríbhneoireachta cruthaithí a chur chun cinn trí leanúint de chlár an Scríbhneora Cónaithe i gcúig Leabharlann bhrainse sa bhliain 2017.
- Litríocht agus litearthacht a chur chun cinn i measc leanaí i rith mhíonna an tsamhraidh trí rannpháirtíocht ghníomhach i dTionscadal Léitheoireachta an tSamhraidh.
- Leabhrán cuimsitheach a fhoilsiú ina mbeidh mionsonraí faoin raon leathan seirbhísí éagsúla leabharlainne atá ar fáil anois, lena n-áirítear seirbhísí cultúir agus oidhreachta.
- Imeachtaí ealaíon, cultúir agus oidhreachta a chur chun cinn tríd an bhféilire imeachtaí ar láithreán gréasáin nua Chomhairle Chontae Chorcaí agus, chomh maith leis sin, trí phróifílí meán sóisialta na Leabharlainne.
- Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar thionchar agus ar fhócas Scéim Pobal Cruthaitheach na gCeantar Bardasach.
- Rochtain ar na hEalaíona do dhaoine óga agus do sheanóirí a chur chun cinn trí chlár na nEalaíon i Leabharlanna.
- Na hacmhainní Staidéar Áitiúil atá ar fáil saor in aisce ar líne don phobal a chur ar aghaidh trí leanúint de bhailiúcháin ghrianghrafadóireachta na roinne, mar aon le hábhair a bhaineann le blianta na réabhlóide agus ábhair thaispeántais, a dhigitiú. An bunachar sonraí ina bhfuil na bailiúcháin dhigiteacha láithreacha a aistriú chuig ardán nua atá níos áisiúla don úsáideoir.
- Taighde agus ullmhúchán a dhéanamh maidir le caint a thabharfar faoi chúrsaí Ginealais le linn

- Continue to participate in local, national and international cultural festivals such as Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Children's Book Festival, Heritage Week, Culture Night, International Women's Day, Science Week, Engineers' Week and Midleton Food Festival, through the organisation of events and the provision of public space for others to host events, as well as the promotion of those events in-branch and online, via social media and the website.
- Continue to play a central role in the world class West Cork Literary Festival.
- Support the Council's development of cultural links with Jiangsu Province in China, through involvement and assistance with the Cork to China book project.
- Author visit: Author visit by prominent Irish author. TBC
- Children's fun literary day: Three fun children's authors and an interviewer. TBC
- Creative Writing Workshop for Teenagers: a series of 4 workshops to develop teenage creative writing skills in a branch with a small print publication at the end. TBC
- Print to Screen: A lighthearted look at how books translate to film or musicals. Liaising with local talented musicians , writers/ actors to create an entertaining look at film versions of our favourite books with songs such as Bring him Home , from Les Miserables, Moon River from Breakfast at Tiffany's etc TBC

imeachtaí leabharlainne amhail an tSeachtain Oidhreachta agus le linn imeachtaí pobail freisin.
- Leanúint d'fheidhmiú mar óstach do ghrúpaí cultúir i leabharlanna brainse, agus de thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí den sórt sin, lena n-áirítear clubanna leabhar, ciorcail chainte, grúpaí cniotála agus cróiseála, grúpaí scríbhneoirí, ciorcail ghramafóin agus grúpaí staire/oidhreachta áitiúla.
- Leanúint de pháirt a ghlacadh i bhféilte áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta amhail Seachtain na Gaeilge, Bealtaine, Féile na Leabhar do Leanaí, an tSeachtain Oidhreachta, Oíche Chultúir, Lá Idirnáisiúnta na mBan, Seachtain na hEolaíochta, Seachtain na nInnealtóirí agus Féile Bia Mhainistir na Corann, trí imeachtaí a eagrú agus trí spás poiblí a chur ar fáil do dhreamanna eile chun feidhmiú mar óstach i leith imeachtaí agus, chomh maith leis sin, na himeachtaí sin a chur chun cinn sna brainsí agus ar líne, trí na meáin shóisialta agus tríd an láithreán gréasáin.
- Leanúint de ról lárnach a chomhlíonadh i ndáil le Féile Litríochta Iarthar Chorcaí ar féile den scoth í.
- Tacú leis an gComhairle maidir le forbairt nasc cultúir le Cúige Jiangsu sa tSín trí pháirt a ghlacadh sa tionscadal leabhar, Cork to China, agus trí chúnamh a thabhairt ina leith.
- Cuairt ó údar: Cuairt ó údar cáiliúil Éireannach. Le deimhniú
- Lá spraoi liteartha do leanaí: Triúr údar ábhair spraíúil do leanaí agus agallóir. Le deimhniú
- Ceardlann Scríbhneoireachta Cruthaithí do Dhéagóirí: sraith 4 cheardlann chun forbairt a dhéanamh ar scileanna scríbhneoireachta cruthaithí déagóirí agus foilseachán beag mar thoradh uirthi. Le deimhniú
- Ón Leagan Clóite go dtí an Scáileán: Spléachadh spraíúil ar an tslí ina dtiontaítear leabhair ina scannáin nó ina gceoldrámaí. Déantar idirchaidreamh le ceoltóirí, scríbhneoirí/aisteoirí cumasacha áitiúla chun spléachadh siamsaíochta

- Host a dramatisation of Sense and Sensibility in three branch libraries. TBC

a thabhairt ar leaganacha scannáin de na leabhair is fearr linn, lena n-áirítear amhráin amhail Bring him Home, as Les Miserables, Moon River as Breakfast at Tiffany's etc Le deimhniú
- Feidhmiú mar óstach do leagan drámaíochta de Sense and Sensibility i dtrí leabharlann bhrainse. Le deimhniú

Creative Ireland and Cork County Council's Arts Office:

Cork County Council's Arts Office works with arts organisations and communities to develop opportunity for public engagement in the Arts. We support professional artists develop their practice through commission opportunities, bursaries and training. We work in partnership with many statutory bodies and non-governmental agencies to develop sustainable arts programmes in the county. Our services include funding, arts programming, arts development activity, advice and information.

Arts Grant Scheme

This is an annual grant scheme made under the provisions of the Arts Act 2003 and enables Cork County Council to make financial or other assistance available for the purposes of:
a. stimulating public interest in the arts
b. promoting knowledge, appreciation and promotion of the arts
c. improving standards in the arts

In 2017 Cork County Council will fund 145 arts projects including festivals, community arts and arts in schools projects, writers groups, pipe and brass bands, choirs, youth groups, groups providing arts activity for the elderly and for people with special needs, and indigenous minority and migrant groups.

Éire Ildánach agus Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Chorcaí:

Oibríonn Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Chorcaí i gcomhar le heagraíochtaí ealaíon agus le pobail chun forbairt a dhéanamh ar dheiseanna le haghaidh rannpháirteachas an phobail sna hEalaíona. Tugaimid tacaíocht d'ealaíontóirí gairmiúla chun a ngairm a fhorbairt trí dheiseanna coimisiúnaithe, sparánachtaí agus oiliúint a chur ar fáil dóibh. Oibrímid i gcomhpháirtíocht le cuid mhór comhlachtaí reachtúla agus gníomhaireachtaí neamhrialtasacha chun forbairt a dhéanamh ar chláir inbhuanaithe ealaíon sa chontae. I measc ár gcuid seirbhísí, airítear maoiniúchán, tiomsú clár ealaíon, gníomhaíochtaí forbartha ealaíon, comhairle agus faisnéis.

Scéim Deontais Ealaíon

Is scéim deontais bhliantúil é seo a riartar faoi fhorálacha an Achta Ealaíon 2003 agus cumasaíonn an scéim do Chomhairle Chontae Chorcaí cúnamh airgeadais nó cúnamh eile a chur ar fáil chun na gcríoch seo a leanas:
a. spreagadh a thabhairt i leith leas an phobail sna healaíona
b. eolas agus tuiscint ar na healaíona, agus cur ar aghaidh na n-ealaíon, a chur chun cinn
c. feabhas a chur ar chaighdeáin sna healaíona

Sa bhliain 2017, maoineoidh Comhairle Chontae Chorcaí 145 thionscadal ealaíon, lena n-áirítear féilte, ealaíona pobail agus tionscadail ealaíon sna scoileanna, grúpaí scríbhneoirí, bannaí píob agus práis, cóir, grúpaí óige, grúpaí a sholáthraíonn

What does our arts funding do? Here are some statistics from the 2016 returns.

- The Arts Grant Scheme supported activities by 132 arts organisations and artists.
- Our funding supported the involvement of 1,348 volunteers in cultural activity within communities.
- Enabled over 8,413 people actively participate in the arts, including the elderly, young people and those with special needs
- Enabled organisations and artists to reach an audience of 125,602. This includes both local audience and visitors to the county.
- Provided 582 work opportunities for artists.
- We funded 31 Arts Festivals with an estimated economic benefit of €1,480,775

A further round of funding will be launched in November.

Municipal Districts Creative Communities Scheme

This fund was established in 2016 as a developmental fund to encourage and support individual communities in each of the county's Municipal Districts, develop new programmes of arts activity in their areas. The scheme with its specific focus on developing the arts in Municipal areas is the first of its kind to be introduced by any City or County Council in Ireland. Creative Communities is developed as part of Cork County Council's commitment to enhance public access to and engagement in the arts. The 2017 Scheme invites applications from May 2017.

gníomhaíochtaí ealaíon do dhaoine scothaosta agus do dhaoine ag a bhfuil riachtanais speisialta, agus grúpaí mionlaigh dúchasacha agus grúpaí imirceach.

Cad a dhéantar leis an maoiniúchán ealaíon a sholáthraímid? Seo a leanas roinnt staitisticí as tuairisceáin na bliana 2016.

- Thacaigh an Scéim Deontais Ealaíon le gníomhaíochtaí a chuir 132 iarratasóir éagsúla i gcrích, idir eagraíochtaí ealaíon agus ealaíontóirí.
- Mar thoradh ar an maoiniúchán a chuireamar ar fáil, bhí 1,348 n-oibrí dheonacha in ann pairt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúir laistigh de phobail.
- Cumasaíodh do níos mó na 8,413 dhuine pairt ghníomhach a ghlacadh sna healaíona, lena n-áirítear daoine scothaosta, daoine óga agus daoine ag a bhfuil riachtanais speisialta.
- Cumasaíodh d'eagraíochtaí agus d'ealaíontóirí lucht spéise 125,602 dhuine a shroicheadh. Áiríonn sé sin daoine áitiúla agus cuairteoirí ar an gcontae.
- Cuireadh 582 dheis oibre ar fáil d'ealaíontóirí.
- Thugamar maoiniúchán do 31 Fhéile Ealaíon agus meastar gur lean tairbhe eacnamaíochta €1,480,775 as sin.

Lainseálfar babhta eile maoiniúcháin i mí na Samhna.

Scéim Pobal Cruthaitheach na gCeantar Bardasach

Bunaíodh an ciste seo sa bhliain 2016 mar chiste forbartha chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do phobail ar leithligh i ngach ceann de na Ceantair Bhardasacha sa chontae maidir le cláir nua gníomhaíochta ealaíon a fhorbairt ina gceantair. Tá an scéim seo, lena ngabhann béim shonrach ar fhorbairt na n-ealaíon i gceantair bhardasacha, ar an gcéad scéim dá cineál atá tugtha isteach ag aon Chomhairle Cathrach nó Contae in Éirinn. Déantar Pobail Chruthaitheacha a fhorbairt mar chuid de thiomantas Chomhairle Chontae Chorcaí i leith feabhas a chur ar rochtain ag an bpobal ar na healaíona agus ar rannpháirteachas an phobail iontu. Beidh iarratais faoin Scéim á lorg i mBealtaine 2017.

Cork County Council Arts Services

- Arts in Libraries: In 2017 the Arts Office will support the Library Service cultural activity programme by organising author visits, readings and arts activities throughout the year, including the Bealtaine Festival, Childrens' Summer Arts and Childrens' Book Festival.
- Writer in Residence: Throughout 2017 author Denyse Woods will work with individual writers and writing groups in Bantry, Clonakilty, Cobh, Macroom and Charleville libraries.
- Arts for Health: Cork County Council is a long-time member of the West Cork Arts for Health partnership which provide an extensive arts service to older people in community hospitals and daycare settings in West Cork.
- Early Years Arts. The Arts Office is one of the founding partners, along with HSE South, Cork City Council and Graffiti Theatre Company of BEAG a unique Early Years Arts research and development project that takes place in various childcare settings.
- Youth Arts. The Arts Office supports a range of Youth Arts activity in the county. Among the long term projects that we have developed is Cork Young Filmmakers, which is operated through Cork Film Centre with the purpose of enabling young people and youth organisations gain access to film making skills. In 2017 this programme will take place in approximately 30 locations countywide.
- Arts in Education. The Arts Office operates a number of Arts in Education programmes In 2017 we hope involve up to 4,000 young people in this programme.

Seirbhísí Ealaíon Chomhairle Chontae Chorcaí

- Na hEalaíona i Leabharlanna: Sa bhliain 2017, tacóidh an Oifig Ealaíon le clár gníomhaíochtaí cultúir na Seirbhíse Leabharlainne trí chuairteanna ó údair, léitheoireachtaí agus gníomhaíochtaí a eagrú ar fud na bliana, lena n-áirítear Féile Bealtaine, Féile Ealaíona Samhraidh do Leanaí agus Féile na Leabhar do Leanaí.
- Scríbhneoir Cónaithe: Ar fud na bliana 2017, beidh an t-údar, Denyse Woods, ag obair le scríbhneoirí ar leithligh agus le grúpaí scríbhneoireachta i leabharlanna Bheanntraí, Chloich na Coillte, an Chóibh, Mhaigh Chromtha agus na Rátha.
- Na hEalaíona agus an tSláinte: Le fada an lá, tá Comhairle Chontae Chorcaí ina ball de chomhpháirtíocht Iarthar Chorcaí i leith 'Na hEalaíona agus an tSláinte' trína soláthraítear seirbhís fhorleathan ealaíon do dhaoine scothaosta in ospidéil phobail agus i suímh chúraim lae in Iarthar Chorcaí.
- Na hEalaíona agus na Luathbhlianta. Tá an Oifig Ealaíon i measc na gcomhpháirtithe a bhunaigh BEAG, is é sin, tionscadal uathúil taighde agus forbartha i leith 'na hEalaíona agus na Luathbhlianta' atá á chur i bhfeidhm i suímh éagsúla cúraim leanaí; is iad na comhpháirtithe eile Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Theas, Comhairle Chontae Chorcaí agus Complacht Amharclainne Graffiti.
- Ealaíona don Aos Óg. Tacaíonn an Oifig Ealaíon le raon gníomhaíochtaí ealaíon don aos óg sa chontae. I measc na dtionscadal fadtéarma atá forbartha againn áirítear Déantóirí Óga Scannán Chorcaí (Cork Young Filmmakers) a oibrítear trí Ionas Scannán Chorcaí agus é mar chuspóir aige a chumasú do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí óige rochtain a fháil ar scileanna déanta scannán.

- Exhibitions programme. The Arts Office works with artists, national art institutions, festivals and curators to develop exhibition projects featuring contemporary visual art. In 2017 exhibitions will be held in James O'Neill building in Kinsale, Macroom Town Hall and in the LHQ Gallery at the County Library building at County hall.
- Performing arts. The Arts Office supports touring theatre, dance and music performance. Among our longstanding programmes is the West Cork Fit-ups a partnership project with Blood in The Alley Theatre Co. which programmes a series of summer theatre events in small communities in West Cork. In 2017 this model of work was successfully extended to the Kanturk/Mallow and Fermoy /Mitchelstown Municipal areas.
- Traditional Arts: In 2017 the Arts Office will carry out a development programme for the Sliabh Luachra Music Trail.

Database of cultural sites and organisations within Cork County:
Cork County Council will commence on undertaking a thorough database of cultural sites within the County of Cork; both those owned/operated by Cork County Council (such as Spike Island; Mallow Castle House, Skibbereen Heritage Centre and the Ballincollig Gunpowder Mills) as well as those in Community ownership such as many culturally important community halls and venues including community Art Centres and Theatres. In undertaking this Plan, Cork County Council will set out to examine each town/village and establish whether or not there are present, cost-neutral venues, that are being/can be used for cultural activities. Cork County Council seeks to encourage such developments - based on an understanding of the importance of making culture as available and accessible as possible for people in every community.

In addition to physical spaces, the database will also collate details on culturally active community groups and organisations (ranging from new and old historical societies and artists to music groups and performers) to give an informed picture of culture and creative potential in the county.

Sa bhliain 2017, beidh an clár seo á reáchtáil i dtuairim in 30 ionad ar fud an chontae.

- Na hEalaíona agus an tOideachas. Oibríonn an Oifig Ealaíon roinnt clár i réimse na n-ealaíon san oideachas. Sa bhliain 2017, tá súil againn go mbeidh suas go 4,000 duine óg páirteach sa chlár seo.
- Clár taispeántas. Oibríonn an Oifig Ealaíon le healaíontóirí, le hinstitiúidí naisiúnta ealaíne, le féilte agus le coimeádaithe chun forbairt a dhéanamh ar thionscadail taispeántais atá dírithe ar an amharcealaín chomhaimseartha. Sa bhliain 2017, seolfar taispeántais i bhfoirgneamh James O'Neill i gCionn tSáile, i Halla an Bhaile. Maigh Chromtha, agus i nGailearaí LHQ i bhfoirgneamh na Leabharlainne Contae in Áras an Chontae.
- Ealaíona taibhiúcháin. Tacaíonn an Oifig Ealaíon le taibhiúcháin taistil amharclainne, damhsa agus ceoil. I measc na gclár dár gcuid atá ann le fada áirítear West Cork Fit-ups, ar tionscadal comhpháirtíochta é a reáchtáiltear i gcomhar le Complacht Amharclainne Blood in the Alley agus trína soláthraítear sraith imeachtaí amharclainne samhraidh i bpobail bheaga in Iarthar Chorcaí. Sa bhliain 2017, leathnaíodh an múnla oibre seo go rathúil chuig Ceantair Bhardasacha Cheann Toirc/Mhala agus Mhainistir Fhear Maí/Bhaile Mhistéala.
- Na hEalaíona Traidisiúnta: Sa bhliain 2017, cuirfidh an Oifig Ealaíon clár forbartha i bhfeidhm do Rian Ceoil Shliabh Luachra.

Bunachar sonraí na láithreán agus na n-eagraíochtaí cultúir i gContae Chorcaí:
Cuirfidh Comhairle Chontae Chorcaí tús le bunachar sonraí cuimsitheach na láithreán cultúir atá ann i gContae Chorcaí a thiomsú; áireoidh sé sin láithreáin atá faoi úinéireacht/á n-oibriú ag Comhairle Chontae Chorcaí (amhail Inis Píc, Teach Chaisleán Mhala, Ionad Oidhreachta an Sciobairín agus Muilte Púdair Gunna Bhaile an Chollaigh) chomh maith leo sin atá faoi úinéireacht phobail amhail cuid mhór hallaí agus ionad pobail lena ngabhann tábhacht chultúir, lena n-áirítear Ionaid Ealaíon agus Amharclanna. Le linn dóibh dul i mbun an Phlean seo, beidh sé mar aidhm ag Comhairle Chontae Chorcaí scrúdú a dhéanamh ar gach baile/sráidbhaile chun a fháil amach an bhfuil, nó nach bhfuil, ionaid chostas-neodracha ann ar ionaid iad atá á n-úsáid/ar féidir iad a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí cultúir. Féachann Comhairle Chontae Chorcaí le forbairtí den sórt sin a spreagadh - agus é sin bunaithe ar an tuiscint go bhfuil sé tábhachtach an cultúr a chur ar fáil a mhéid is féidir do dhaoine i ngach uile phobal agus go bhfuil sé tábhachtach rochtain chomh leathan agus is féidir ar an gcultúr a bheith ann.

De bhreis ar spásanna fisiciúla, áireoidh an bunachar sonraí mionsonraí faoi ghrúpaí pobail agus faoi eagraíochtaí atá gníomhach ó thaobh cúrsaí cultúir de (agus cumainn staire nua agus seanbhunaithe, agus ealaíontóirí agus grúpaí agus taibheoirí ceoil san áireamh) le go mbeidh léargas eolasach ann ar chumas cultúir agus cruthaitheachta an chontae.

Pop-up Shops Initiative – helping Culture and Creativity find a home in Cork County
In each of County Cork's eight Municipal Districts, Cork County Council's Culture Team will work to facilitate the installation of 'pop-up shops' – namely - to use for creative/cultural purposes, any vacant or unused premises (including shopfront windows) for a temporary period. Cork County Council's Culture Team will host a workshop(s) for community groups on how to set up a 'pop-up' shop and will, where feasible, support local groups to this effect across the eight Municipal Districts of the County.

This initiative will have the added benefit of supplementing the Municipal District Streetscape, Painting, Signage and Improvement Scheme, launched by Cork County Council in April 2017, increasing the cultural attractiveness and well-being of our towns, villages and parishes.

Tionscnamh na Siopaí Sealadacha (Pop-up Shops) - cabhair maidir le hionad a aimsiú don Chultúr agus don Chruthaitheacht i gContae Chorcaí
I ngach ceann de na hocht gCeantar Bhardasacha atá ann i gContae Chorcaí, beidh Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae Chorcaí ag obair chun suiteáil 'siopaí sealadacha' a éascú - is é sin le rá - áiteanna lena n-úsáid ar feadh tréimhse shealadach ar mhaithe le cúrsaí cultúir/cruthaitheachta amhail áitreabh folamh nó neamhúsáidte (lena n-áirítear fuinneoga éadanais siopa). Eagróidh Meitheal Cultúir Chomhairle Chontae Chorcaí ceardlann(a) do ghrúpaí pobail chun léiriú a thabhairt i dtaobh conas 'siopa sealadach' a bhunú agus, más indéanta, tacóidh siad le grúpaí áitiúla dul ina bhun sin sna hocht gCeantar Bhardasacha atá ann sa Chontae.

Beidh tairbhe bhreise ag baint leis an tionscnamh seo, mar atá forlíonadh a

Conference entitled 'The Art of Heritage – A Culture of Creativity':
In recognition of the County's vast culture(s), as well as the numerous community groups engaging with the Creative Ireland Programme in County Cork, Cork County Council will host a Creative Ireland County Cork Conference, focussing on the importance and value of connectivity between Art and Heritage, Culture and Creativity.

dhéanamh ar an Scéim Sráid-dreacha, Péinteála, Comharthaíochta agus Feabhsaithe a lainseáil Comhairle Chontae Chorcaí i mí Aibreáin 2017, rud a chuirfidh le tarraingteacht agus folláine ár gcuid bailte, sráidbhailte agus paróistí.

Comhdháil dar teideal 'The Art of Heritage - A Culture of Creativity':
Mar aitheantas do chultúr forleathan (cultúir fhorleathana) an Chontae, agus mar aitheantas don líon mór grúpaí pobail a mbeidh baint acu le Clár Éire Ildánach i gContae Chorcaí, eagróidh Comhairle Chontae Chorcaí Comhdháil Éire Ildánach do Chontae Chorcaí, agus í dírithe ar an tábhacht agus ar an luach a ghabhann le nasc a dhéanamh idir Ealaín agus Oidhreacht, Cultúr agus Cruthaitheacht.

Promotional Events 2017
IMEACHTAÍ PROMÓISIN 2017

The following events will serve to promote the Creative Ireland Programme as a whole in County Cork, with the aim of achieving increased participation and engagement in culturally creative projects. The following 15 events are only a sample and the full Programme of Creative Ireland events, updated regularly, is available at www.corkcoco.ie.

Féilire Imeachtaí Éire Ildánach i gContae Chorcaí 2017: Roinnt Príomhimeachtaí
Trí na himeachtaí seo a leanas déanfar Clár Éire Ildánach ina iomláine a chur chun cinn i gContae Chorcaí agus é mar aidhm aige sin méadú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht i dtionscadail de chineál cultúir agus cruthaitheachta. Níl sna 17 n-imeacht seo a leanas ach sampla agus tá Clár iomlán imeachtaí Éire Ildánach, agus é uasdátaithe go tráthrialta, ar fáil ag www.corkcoco.ie.

National Biodiversity Week, 19 - 27 May 2017
'National Biodiversity Week is all about connecting people with nature... It's also about entertaining them; showing the fun and wonder that can be found in nature; and inspiring people to learn more, see more, do more'. (www.biodiversityweek.ie). Biodiversity Week in County Cork will see a number of events across many of the Creative Ireland Pillars – using the natural world as the source of inspiration.

Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta, 19 -27 Bealtaine 2017
'Baineann Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta le daoine a chur i dteagmháil leis an dúlra... Ina theannta sin, baineann sé le deiseanna siamsaíochta a chur ar fáil do dhaoine; léiriú a thabhairt dóibh faoin spraoi agus faoin ábhar iontais atá le fáil sa dúlra; agus inspioráid a thabhairt do dhaoine tuilleadh a fhoghlaim, tuilleadh a fheiceáil agus tuilleadh a dhéanamh'. (www.biodiversityweek.ie). Le linn Sheachtain na Bithéagsúlachta i gContae Chorcaí, beidh roinnt imeachtaí ann a bhaineann le cuid mhór de Cholúin Éire Ildánach - agus beidh leas á bhaint as domhan an dúlra mar fhoinse inspioráide.

Fastnet Film Festival, 24 - 28 May 2017
The annual Fastnet Film Festival in Schull, screens short films from all over the world and invites industry professionals to share their knowledge with visiting filmmakers. The Festival has developed a fine reputation for its artistic programme - 'Our Village is Our Screen'.

Féile Scannán Charraig Aonair, 24 - 27 Bealtaine 2017
Le linn Fhéile bhliantúil Scannán Charraig Aonair sa Scoil, taispeántar gearrscannáin ó áiteanna ar fud an domhain agus tugtar cuireadh do ghairmithe de chuid an tionscail teacht agus a gcuid eolais a chomhroinnt le déantóirí scannán atá ag freastal ar an bhféile. Tá clú mór faighte ag an bhFéile mar gheall ar a clár ealaíonta - 'Our Village is Our Screen'.

Cork Summer Show, 17 - 18 June 2017
'The Cork Summer Show has been a summer highlight in Cork for over 200 years. Encompassing a creative mix of agriculture, food, music, crafts, and entertainment,

Seó Samhraidh Chorcaí, 17 -18 Meitheamh 2017
'Tá Seó Samhraidh Chorcaí ina phríomhimeachta samhraidh i gCorcaigh le níos mó ná 200 bliain. Cuimsíonn sé meascán réimsí ina n-áirítear talmhaíocht, bia, ceol, ceardaíocht, feirmeoireacht

it guarantees to always be a great day out for all the family'. (www.corksummershow.com). Cork County Council, the main sponsor, will participate at the show and culture will be brought to the fore with a number of stalls by the Council's Cultural Service Providers, together with cultural reenactors, creative performances on stage and much more.

Bantry, a small West Cork Town with more Arts Festivals than most

(Various festivals taking place between 30 June and 10 September 2017)

Each summer Bantry hosts four major Festivals of noted international reputation. West Cork Music is dedicated to bringing the highest calibre of musical experience to Ireland. The West Cork Chamber Music Festival has become one of the leading chamber music events in Europe, attracting local, national and international audiences alike. The West Cork Literary Festival continues to bring an incredible array of Irish and International authors for an exciting week of workshops readings and fringe events. The Masters of Tradition festival featuring the best Irish traditional music players including the acclaimed fiddle play Martin Hayes, perform in the intimate setting of Bantry House and other local venues. The fourth festival is the Chief O'Neill Festival in September, dedicated to the memory of Captain Francis O'Neill - the great Irish music collector who was born in nearby Tralibane before emigrating to the United States.

ainmhithe agus siamsaíocht agus is cinnte go mbainfidh gach duine den teaghlach taitneamh as'. (www.corksummershow.com). Beidh Comhairle Chontae Chorcaí páirteach sa seó agus tabharfar ionad feiceálach do chúrsaí cultúir ag roinnt stallaí a chuirfidh Soláthróirí Seirbhísí Cultúir de chuid na Comhairle ar fáil agus, chomh maith leis sin, beidh aisteoirí ann mar aon le taibhiúcháin chruthaitheacha ar an stáitse agus cuid mhór rudaí eile.

Beanntraí, baile beag in Iarthar Chorcaí ina reáchtáiltear níos mó Feilte Ealaíon ná mar a dhéantar in áiteanna eile

(Féilte éagsúla sa tréimhse idir an 30 Meitheamh agus an 10 Meán Fómhair 2017)

Gach samhradh, eagraíonn Beanntraí ceithre mhór-Fhéile a bhfuil iomrá idirnáisiúnta orthu. Díríonn West Cork Music ar an gcaighdeán is airde ó thaobh eispéireas ceoil de a thabhairt go hÉirinn. Tá West Cork Chamber Music Festival tar éis teacht chun bheith i measc na bpríomhimeachtaí ceoil aireagail de chuid na hEorpa agus tarraingíonn sí lucht féachana/éisteachta de chineál áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leanann Féile Litríochta Iarthar Chorcaí de raon iontach údar Éireannach agus Idirnáisiúnta le chéile le haghaidh seachtain spreagúil ar lena linn a eagraítear ceardlanna, léitheoireachtaí agus imeachtaí imeallacha. Bíonn na ceoltóirí is fearr de chuid réimse Cheol Traidisiúnta na hÉireann i láthair ag féile Mháistrí an Traidisiúin (Masters of Tradition), agus iad ag taibhiú i suíomh cairdiúil Theach Bheanntraí agus in ionaid áitiúla eile, agus beidh an fidléir iomráiteach Martin Hayes ann ina measc. Is é an ceathrú féile an Chief O'Neill Festival i Meán Fómhair atá tiomnaithe do chuimhne an Chaptaein Francis O'Neill - is é sin, an bailitheoir mór ceoil Éireannaigh a rugadh i dTrá Líobáin, atá gar do Bheanntraí, agus a chuaigh ar imirce go dtí na Stáit Aontaithe.

The Inaugural West Cork History Festival, 28 -30 July

This inaugural Festival in Rosebank, Skibbereen, will feature an eclectic mixture of local, national and international topics and speakers. Highlights include the opening presentation by Prof Roy Foster and in-depth discussions, presentations and panels on The War of Independence and the Civil War. The event will include presentations on the first Great Earl of Cork Richard Boyle as well as panel sessions on the First World War and Ireland. The weekend will see the participation of Dan Mullhall (Ireland's Ambassador to the US) and Kevin Vickers (Canada's Ambassador to Ireland) as well as the screening of Rebel Rossa -a riveting documentary on the life of O'Donovan Rossa made by his Great-Grandson and supported by Cork County Council. This community driven event sits well with the pillars of the Creative Ireland Programme. For further information visit https://westcorkhistoryfestival.org/

West Cork Fit-Up Festival, 18 July - 13 August 2017

The West Cork Fit-up Festival revives the tradition of professional theatre companies touring shows to small rural towns and villages – enhancing the cultural tourism profile of West Cork by providing high quality theatre that can be accessed in local communities. The festival features a programme of contemporary Irish writing and performance and supports the work of Irish and international artists and companies. The West Cork venues in 2017 include Heir Island, Bere Island, Sherkin Island, Whiddy Island, Kilcrohane, Goleen, Timoleague, and Ballydehob and the aims of this project are also in keeping with the aspirations of recently published national strategies including Making Great Art Work, Creative Ireland and

Féile Tionscnaimh Staire Iarthar Chorcaí 28 - 30 Iúil

Le linn na Féile tionscnaimh i mBruach na Rós, an Sciobairín, beidh meascán eicléictiúil ábhar agus cainteoirí ann, is é sin le rá, ábhair agus cainteoirí áitiúla, naisiúnta agus idirnáisiúnta. I measc na bpríomhimeachtaí a bheidh ann, áirítear an cur i láthair oscailte ag an Ollamh Roy Foster mar aon le pléití, cur i láthair agus painéil ar lena linn a dhéanfar dianscrúdú ar Chogadh na Saoirse agus ar an gCogadh Cathartha. Mar chuid den imeacht, beidh cur i láthair ann faoi Iarla Mór Chorcaigh, Richard Boyle, chomh maith le seisiúin phainéil faoin gCéad Chogadh Domhanda agus Éire. Beidh Dan Mullhall (Ambasadóir na hÉireann chuig na Stáit Aontaithe) agus Kevin Vickers (Ambasadóir Cheanada chuig Éirinn) páirteach sa deireadh seachtaine agus, chomh maith leis sin, taispeánfar Rebel Rossa - is é sin, scannán faisnéise faoi shaol Uí Dhonnabháin Rosa a rinne a Iarua. Oireann an t-imeacht pobalbhunaithe seo go maith do cholúin Chlár Éire Ildánach. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar https://westcorkhistoryfestival.org/

West Cork Fit-Up Festival, 18 Iúil - 13 Lúnasa 2017

Déanann West Cork Fit - Up Festival athbheochan ar an traidisiún ar dá réir a thug complachtaí amharclainne gairmiúla taistil seónna ar cuairt chuig bailte beaga tuaithe agus chuig sráidbhailte - rud a fheabhsaíonn próifíl turasóireachta cultúir Iarthar Chorcaí trí mhíreanna amharclainne ardchaighdeáin a sholáthar ar féidir rochtain a fháil orthu i bpobail áitiúla. Tá clár scríbhneoireachta comhaimseartha Éireannaí agus taibhiúchán comhaimseartha Éireannach ann sa chlár, agus tacaíonn sé sin le saothar ealaíontóirí agus complachtaí Éireannacha agus idirnáisiúnta. Sa bhliain 2017, áirítear na háiteanna seo a leanas i measc na n-ionad in Iarthar Chorcaí: Heir Island, an tOileán Mór, Faoide, Cill Chrócháin, an Góilín, Tigh Molaige agus Béal an

the Action Plan for Rural Development. The programme for 2017, amongst others, includes Fishamble's The Humours of Bandon (by Margaret McAuliffe); Grenades (by Tara McKevitt) and Kabosh Theatre's Green & Blue (by Lawrence McKeown).

Dá Chab; agus tá aidhmeanna an tionscadail seo i gcomhréir leis na haidhmeanna atá ann i straitéisí náisiúnta a foilsíodh le déanaí, lena n-áirítear Saothar Ealaíne Iontach A Tháirgeadh, Éire Ildánach agus an Plean Gníomhaíochta um Fhorbairt Tuaithe. I measc nithe eile, áiríonn clár na bliana na léiriúcháin seo a leanas: The Humours of Bandon (le Margaret McAuliffe) ag complacht Fishamble, Grenades (le Tara McKevitt) agus Green & Blue (le Lawrence McKeown) ag Kabosh Theatre.

Picnic at the Castle – Mallow, 13 August 2017

Come along to Mallow Castle - one of North Cork's rising visitor attractions for a day of creative arts activity for all the family. Historic Mallow Castle House and grounds, owned by Cork County Council, is a wonderful civic recreational space and location for cultural events. This year Cork County Council invites families to see, listen and enjoy a wealth of performing artistic talent from the town and elsewhere.

Picnic ag an gCaisleán – Mala, 13 Lúnasa 2017

Bí i láthair ag Caisleán Mhala - ceann de na hionaid turasóireachta de chuid Chorcaigh Thuaidh a bhfuil gealladh faoi - le haghaidh lá gníomhaíochta ealaíne don teaghlach ar fad. Tá Teach Chaisleán Stairiúil Mhala agus na tailte a ghabhann leis, ar le Comhairle Chontae Chorcaí iad, ina spás iontach áineasa chathartha agus is suíomh iontach é le haghaidh imeachtaí cultúir. I mbliana tá cuireadh á thabhairt ag Comhairle Chontae Chorcaí do theaghlaigh chun teacht i láthair agus raidhse ealaíontóirí taibhiúcháin a fheiceáil, agus éisteacht leo agus taitneamh a bhaint astu.

National Heritage Week, 19 - 27 August 2017

Natural Heritage is to play a big part in the Creative Ireland County Cork Plan. In 2017, the theme for National Heritage Week (August 19th to 27th) is Nature and Cork County Council will strongly promote County Heritage Week events that express the importance of our natural heritage through a myriad of creative outputs/ activities and across many of the Creative Ireland Pillars.

Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta, 19 -27 Lúnasa 2017

Beidh ról tábhachtach ag an Oidhreacht Nádúrtha i bPlean Éire Ildánach i gCorcaigh. Sa bhliain 2017, is é a bheidh sa téama do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta (19 go 27 Lúnasa) ná An Dúlra agus déanfaidh Comhairle Chontae Chorcaí imeachtaí an Chontae i leith Sheachtain na hOidhreachta a chur chun cinn go mór, is é sin, imeachtaí a léiríonn tábhacht ár n-oidhreachta nádúrtha trí leas a bhaint as cuid mhór aschur/gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus ar mhodh a bhaineann le Colúin Éire Ildánach.

Cape Clear International Storytelling Festival, 1, 2 and 3 September 2017

"The Cape Clear Island International Storytelling Festival, now in its 23rd year, is one of the most renowned festivals in the world storytelling calendar" (www.capeclearstorytelling.com). The line-up for 2017 already includes Connie Regan Blake (USA), Pat Ryan (UK), and Senem Donatan (Turkey). Also present, from Ireland will be Niall De Burca, Kevin Doherty, Con 'Fada' O'Driscoll, Pat Speight, Liz Weir, Paddy O'Brien, Diarmuid Ó Drisceoil and Jack Lynch.

This event values the stories that each and every community may possess and shares with an international audience through creativity in storytelling, the richness of our culture – an important focus of Strand 5 of the Creative Ireland Plan.

Féile Idirnáisiúnta Scéalaíochta Chléire, 1, 2 agus 3 Meán Fómhair 2017

"Tá Féile Idirnáisiúnta Scéalaíochta Chléire, atá ina 23ú bliain anois, i measc na bhféilte is iomráití dá bhfuil ann i bhféilire scéalaíochta an domhain" (www.capeclearstorytelling.com). I measc na ndaoine a bheidh páirteach san fhéile, airítear Connie Regan Blake (Stáit Aontaithe Mheiriceá), Pat Ryan (an Ríocht Aontaithe), agus Senem Donatan (an Tuirc). Beidh na daoine seo a leanas as Éirinn ann freisin: Niall De Burca, Kevin Doherty, Con 'Fada' O'Driscoll, Pat Speight, Liz Weir, Paddy O'Brien, Diarmuid Ó Drisceoil agus Jack Lynch.

Léiríonn an t-imeacht seo an meas atá ar na scéalta a d'fhéadfadh a bheith ag gach uile phobal agus comhroinntear saibhreas ár gcultúir le lucht éisteachta idirnáisiúnta trí chruthaitheacht na scéalaíochta - is rud é a leagtar béim mhór air i Sraith 5 de Phlean Éire Ildánach.

Bantry Irish, Film & Drama Evening of Culture, September (date tbc) 2017

In Bantry House, with the involvement of Bantry and District Chamber, a wonderful evening of culture will take place, focusing on the local Bantry talent in film, drama and the Irish Language. As part of the evening, the local school music and drama groups will also showcase their talents. This event relates to many pillars of the Creative Ireland Initiative.

Oíche Chultúir Ghaeilge, Scannán & Drámaíochta i mBeanntraí, Meán Fómhair (dáta le deimhniú) 2017

I dTeach Bheanntraí, i gcomhar le Comhlachas Tráchtála Bheanntraí agus Cheantar Bheanntraí, beidh tráthnóna iontach cultúir ann agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine tallannacha áitiúla de chuid Bheanntraí i réimse na scannánaíochta, na drámaíochta agus na Gaeilge. Mar chuid den tráthnóna freisin, cuirfidh grúpaí ceoil agus drámaíochta na scoileanna áitiúla a mbuanna ar taispeáint. Tá baint ag an imeacht seo le cuid mhór de cholúin Thionscnamh Éire Ildánach.

'Cork County Council supporting the Irish Language', September (date(s) tbc)

Cork County Council's Culture Team values the Irish Language and its people as an important component of the Creative Ireland Programme in County Cork. In recognition of the language, September will see an illustrated talk entitled 'A brief History of the Irish Language', which will give an overview of the beginnings of the language, its

'Comhairle Chontae Chorcaí ag tacú leis an nGaeilge', Meán Fómhair (dáta(í) le deimhniú)

Is mór an meas atá ag Comhairle Chontae Chorcaí ar an nGaeilge agus ar phobal na Gaeilge mar chomhchuid thábhachtach de Chlár Éire Ildánach i gContae Chorcaí. Mar aitheantas don teanga, beidh caint, maille le léaráidí, ann dar teideal 'Léiriú Gairid ar Stair na Gaeilge' ina dtabharfar forléargas ar ré thosaigh na teanga, ar a bhfoirmeacha agus a bhformáidí éagsúla agus, chomh maith leis sin,

many forms & formats, as well as its influence on other languages (and Vice Versa) and the future of the Language itself. In addition, September will also see a tour, through the medium of Irish, at a prominent Cork County Council owned cultural tourist attraction.

The recent release of statistics from the 2016 Census has been an eye-opener for the Irish speaking community, with a drop of approximately one ninth of the people in Cork County who speak Irish outside of the Education system. Notwithstanding this, there has also been a significant increase in the frequency with which people use the language. These figures shed some amount of light on the future of the Irish Language, and reflect the need to nurture & support the language and the community. It is promising that there is a growing community of Irish speakers outside of the Gaeltacht and Cork County Council supports the Irish Language as a valued part of the Creative Ireland Programme.

National Culture Night, 15 September 2017

'Culture Night is an annual all-island public event that celebrates culture, creativity and the arts. On Culture Night, arts and cultural organisations and venues of all shapes and sizes, including the National Cultural Institutions, extend their opening hours to allow for increased access to the public. Special and unique events and workshops are specifically programmed at participating locations and everything is available free of charge'. Cork County Council's Arts Office coordinates the County Cork programme. The Council will strongly promote the Creative Ireland theme as part of Culture Night and encourage as many artists and groups as possible to hold events in their local areas (www.culturenightcorkcounty.ie).

faoina tionchar ar theangacha eile (agus Vice Versa) agus faoi thodhchaí na teanga. De bhreis air sin, beidh turas trí mheán na Gaeilge ann in ionad tábhachtach turasóireachta de chuid Chomhairle Chontae Chorcaí.

Ba oscailt súl é do phobal na Gaeilge na staitisticí ó Dhaonáireamh 2016 a eisíodh le déanaí agus a léirigh laghdú ar líon na ndaoine i gContae Chorcaí a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais, ar laghdú é atá comhionann le tuairim is an naoú cuid de na cainteoirí Gaeilge sin. Dá ainneoin sin, tháinig méadú suntasach ar an minicíocht a bhaineann le húsáid na Gaeilge. Tugann na figiúirí sin léargas éigin faoi thodhchaí na Gaeilge agus léiríonn siad gur gá an Ghaeilge agus pobal na Gaeilge a chothú agus gur gá tacaíocht a chur ar fáil dóibh. Rud maith is ea an pobal méadaitheach cainteoirí Gaeilge atá ann lasmuigh den Ghaeltacht agus tacaíonn Comhairle Chontae Chorcaí leis an nGaeilge mar chuid thábhachtach de Chlár Éire Ildánach.

Oíche Chultúir Náisiúnta, 15 Meán Fómhair 2017

Is é atá i gceist le hOíche Chultúir ná imeacht bliantúil poiblí uile-oileáin trína ndéantar ceiliúradh ar chultúr, ar chruthaitheacht agus ar na healaíona. Ar Oíche Chultúir, déanann eagraíochtaí agus ionaid ealaíon agus cultúir de gach cineál agus de gach méid, agus na Forais Chultúir Náisiúnta san áireamh, a n-uaireanta oscailte a fhadú le go mbeidh rochtain mhéadaithe ag an bpobal orthu. Déantar imeachtaí agus ceardlanna de chineál speisialta agus uathúil a eagrú go sonrach sna hionaid rannpháirteacha agus bíonn cead isteach saor in aisce ann'. Comhordaíonn Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae Chorcaí clár Chontae Chorcaí. Cuirfidh an Chomhairle téama Éire Ildánach chun cinn go mór mar chuid d'Oíche Chultúir agus spreagfaidh siad an oiread ealaíontóirí agus grúpaí agus is féidir chun imeachtaí a eagrú ina gceantair áitiúla (www.culturenightcorkcounty.ie).

Celebrating Cork Past Heritage Exhibition, 29 September 2017

The "Celebrating Cork Past Exhibition" is a day for the County's hard-working groups to highlight and showcase the heritage/culture they preserve and protect locally, to other like-minded groups and visitors on the day. Their work has inspired so much by way of cultural/creative output – it is a great day to be inspired by the history and culture that surrounds and connects us all.

World Day for Audiovisual Heritage, 27 October 2017

'Audiovisual documents, such as films, radio and television programmes, are our common heritage and contain the primary records of the 20th and 21st centuries. They help to maintain the cultural identity of a people' (www.un.org). Cork County Council will strongly promote this day, which ties in well with Pillars 4 and 5 of the Creative Ireland Initiative.

50th Commemoration of the Manchester Martyrs, 23 November 2017

On 23rd November 1867, Cork Fenians William Allen (Bandon) and Michael O' Brien (Ballymacoda), together with Michael Larkin, were executed as one of the last public hangings ever carried out in Manchester, England. Known as the Manchester Martyrs, they were executed for their part in the Fenian Rising of 1867 and in particular an event that occurred in Manchester in September 1867, known as the 'Smashing of the Van'. This event will see international attention and will involve community participation in both Bandon and Ballymacoda, supported and promoted by Cork County Council's Commemoration Committee.

Taispeántas Oidhreachta 'Cork Past Heritage', 29 Meán Fómhair 2017

Is é a bheidh i dtaispeántas "Celebrating Cork Past" ná lá ar lena linn a bheidh grúpaí dícheallacha an Chontae an oidhreacht/cultúr a chaomhnaíonn siad agus a chosnaíonn siad ar bhonn áitiúil a léiriú agus a chur ar taispeáint do ghrúpa eile den chineál céanna agus do chuairteoirí. Tá a saothar ina ábhar inspioráide ó thaobh aschur cultúir/cruthaitheachta de - lá iontach a bheidh ann a bhfuil inspioráid faighte ina leith ón stair agus ón gcultúr atá thart orainn go léir agus a nascann le chéile sinn.

Lá Domhanda na hOidhreachta Closamhairc, 27 Deireadh Fómhair 2017

'Is ionann doiciméid chlosamhairc, amhail scannáin, agus cláir raidió agus teilifíse, agus comhoidhreacht dár gcuid agus cuimsíonn siad na taifid phríomha de chuid an 20ú agus an 21ú haois. Cabhraíonn siad le féiniúlacht chultúir pobail a chothabháil' (www.un.org). Cuirfidh Comhairle Chontae Chorcaí an lá seo chun cinn go mór agus oireann sé go maith do Cholúin 4 agus 5 de Thionscnamh Éire Ildánach.

Comóradh 150 Bliain Mhairtírigh Mhanchain, 23 Samhain 2017

Ar an 23 Samhain 1867, cuireadh Fíníní de chuid Chorcaí, Liam Ó hAilín (Droichead na Bandan) agus Micheál Ó Briain (Baile Mhac Óda), chomh maith le Micheál Ó Lorcáin, chun báis i gceann de na hócáidí deiridh inar crochadh daoine go poiblí i Manchain, Sasana. Tugadh Mairtírigh Mhanchain orthu agus cuireadh chun báis iad mar gheall ar an bpáirt a ghlac siad in Éirí Amach na bhFíníní sa bhliain 1867 agus go háirithe i dteagmhas a tharla i Manchain i Meán Fómhair 1867 ar a dtugtar 'Smashing of the Van'. Tarraingeofar aird idirnáisiúnta ar an imeacht seo agus beidh rannpháirtíocht phobail ann, i nDroichead na Bandan agus i mBaile Mhac Óda araon, agus tacóidh Coiste Cuimhneacháin Chomhairle Chontae Chorcaí leis agus cuirfidh sé chun cinn é.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland Programme
2017–2022

Cork County Council
Comhairle Contae Chorcaí